

ODF

An tOmbudsman d'Oglaigh na hÉireann

Tuarascáil Bhliantúil 2011

Leis seo cuirim isteach mo Thuarascáil Bhliantúil amhail an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann do 2011 de bhun alt 7 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.

Seo an séú Thuarascáil Bhliantúil a cuireadh isteach maidir le hobair an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann ó bunaíodh m’Oifig ar an 1 Nollaig 2005.



Paulyn Marrinan Quinn, SC
Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann

Clár Ábhar

I	Réamhrá	5
II	Buaicphointí 2011	14
III	Anailís ar Chásanna	17
IV	Saolré Ghearáin	21
V	Tráchtareacht ar Roinnt Cásanna a Breithníodh i 2011	23
VI	Achoimrí Cáis	27
VII	Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta agus Intíre	48
VIII	Aguisín	52
IX	Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	55

Réamhrá ag an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann, Paulyn Marrinan Quinn, SC

Bliain ghnóthach agus tháirgiúil don Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann (OÓÉ) a bhí sa bhliain 2011.

Mar is léir ón bhforbhreathnú ar ghníomhaíocht oibríochtúil atá sa chuid ‘Anailís ar Chásanna’ den Tuarascáil Bhliantúil seo, bhí gníomhaíocht ar fud gach eochair-réimse gníomhaíochta, lena n-áirítear Sásamh Éagóracha agus mo chuid Tuarascálacha arna n-eisiúint ag na céimeanna réamh-imscrúdaithe agus breithnithe, fós ard i 2011, agus i mórán cásanna chuaigh siad thar mhéid na gníomhaíochta lenar déileáladh sa bhliain roimhe sin.

Mar sin féin, ní fhéadann figiúirí aschuir amháin aitheantas a thabhairt d’éachtaí Oifig Ombudsman agus rinneadh dul chun cinn suntasach i 2011 ar réimsí leasa atá ríthábhachtach do m’Oifig nach dtaispeántar i staitisticí loma amháin.

I mo Thuarascálacha Bliantúla roimhe seo, leag mé béim go seasta ar an luach fadtéarmach a fhéadann Oifig Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann cur leis an institiúid ar a ndéanann sí maoirseacht. Le himeacht ama, féadann an mhaoirseacht shibhialtach sin, i gcomhthéacs míleata, cultúr athraithe a luathú i nósanna imeachta riaracháin agus i gcleachtas acmhainní daonna ag croílár na heagraíochta, go háirithe sa chaoi a bhfeidhmíonn sí a meicníochtaí inmheánacha réitigh dhíospóidí. Leag mé béim freisin ar an tionchar áititheach a fhéadann an tOmbudsman a fheidhmiú, go háirithe nuair atá béim á leagan aige ar laigí athfhillteacha córasacha as a dtagann ardlíon gearán agus ar réimsí ina bhfuil gá le hathchóiriú.

Tá áthas orm a thuairisciú gur deimhníodh arís i 2011 gur lean m’Oifig le tionchar a bheith aici sa dá réimse atá leagtha amach thuas.

Mar shampla, agus faireachán á dhéanamh agam ar ár staitisticí oibríochtúla i rith na bliana, bhí áthas orm a fheiceáil go raibh treocht dhearfach ag teacht chun cinn sa mhéid gur ag laghdú a bhí an céatadán de chasaidí Sásaimh Éagóracha (SÉ) a tionscnaíodh laistigh d’Óglaigh na hÉireann agus a rinneadh achomharc orthu chuig m’Oifig. I 2009, mar shampla, níor réitíodh ach 21% de Shásaimh Éagóracha a thionscain baill ar seirbhís d’Óglaigh na hÉireann go hinmheánach laistigh d’Óglaigh na hÉireann, cé gur mhéadaigh an figiúr seo go 46% an bhliain seo caite.

Fiú nuair atá tuiscint ar nádúr ar leith a bhaineann le gach gearán Sásaimh Éagóracha á cur san áireamh, níl aon amhras go bhfuil treocht dhearfach le feiceáil. Tá níos mó gearán á réiteach ag céim níos luaithe sa phróiseas réitigh dhíospóidí agus is dea-scéal é seo d’Óglaigh na hÉireann agus do Ghearánaigh aonair. Creidim go bhfuil sé sábháilte teachtaireacht dhearfach a ghlacadh ón bhforbairt seo agus go léiríonn sé go bhfuil Óglaigh na hÉireann aireach ar an dóigh a ndearna OÓÉ breithniú ar shaincheisteanna agus ar chúiseanna gearáin i gcásanna roimhe.

Neamhspleách / Inrochtana / Neamhchlaonta

Athbhreithniú neamhspleách ar chasaidí a chur ar fáil agus maoirseacht a dhéanamh ar phróisis riaracháin in Óglaigh na hÉireann.

Léirítear i bhfianaise idirnáisiúnta ar thionchar Oifig Ombudsman go bhfuil éifeacht dhearfach ag an éifeacht charnach a bhaineann le breithnithe Ombudsman ar an dóigh a dtugann institiúid aghaidh ar ghearáin go himmheánach ag na luathchéimeanna dá córas sásaimh. Agus athbhreithniú á dhéanamh agam ar chás i 2011, tháinig mé ar thuairimí a bhí i dtuarascáil de chuid Oifigeach Míleata Imscrúdaithe (OMI), a cheap an Ginearálóifigeach i gCeannas chun imscrúdú a dhéanamh ar Shásamh Éagóracha. Agus é i mbun a imscrúdaithe, tharraing an tOifigeach Míleata Imscrúdaithe aird ar an bhfíric gur theip ar na nósanna imeachta riaracháin i gcás ar leith na critéir lena mbunaítear oibiachtúlacht agus réasúnacht a shásamh, agus tá sé tábhachtach gur mhínigh sé ina dhiaidh sin gurb iad seo na tagarmharcanna breithiúnacha atá san áireamh in athbhreithnithe breithiúnacha arna n-eisiúint ag m’Oifig. Tá fáilte roimh aon léiriú go bhféadann torthaí a rinne mé riamh teorú a thabhairt anois don athbhreithniú inmheánach ar shaincheistean de chuid Óglaigh na hÉireann agus léireodh sé sin an tionchar fadtéarmach atá ag m’Oifig ar réaltacht laethúil an tsaoil in Óglaigh na hÉireann.

Ar ndóigh, ní fhéadann treocht den sórt sin teacht chun cinn ach amháin toisc go bhforáiltear leis an Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004, cumhachtaí leathana maoirseachta go sonrach do OÓÉ ar na córais inmheánacha réitigh dhíospóidí agus ar chur chuige inmheánach réitigh dhíospóidí de chuid Óglaigh na hÉireann. Éilítear sa reachtaíocht ar Óglaigh na hÉireann fógra a thabhairt do OÓÉ maidir le gach Sásamh Éagóracha arna dtionscnamh faoi alt 114 den Acht um Óglaigh na hÉireann 1954 (arna leasú) agus ní mór a chur in iúl dom maidir le réiteach gearán nó le haistarraingt ghearán. Bhunaigh mé an cleachtas trína gcaithfidh mé deimhniú a fháil i scríbhinn ón ngearánach go bhfuil sé nó sí sásta leis an toradh arna thabhairt i gcrích. Féadann baill ar seirbhís d’Óglaigh na hÉireann nach bhfuil sásta leis an toradh ó phróiseas Sásaimh Éagóracha achomharc a dhéanamh chugam ar Rialú Breithnithe an Chinn Foirne le haghaidh athbhreithnithe. Agus athbhreithniú á dhéanamh agam ar chás, féadfaidh mé scrúdú agus trácht a dhéanamh ar aon mhoilleanna agus ar an dóigh ar láimhseáladh leis an ngearán tríd an bpróiseas sásaimh inmheánaigh.

Rinneadh dul chun cinn tábhachtach i 2011 maidir le hathchóiriú nósanna imeachta agus cleachtas a d’aithin mé le tamall mar fhoinsé leanúnach chasaoide. I 2011 bhí ardlíon cásanna ar a ndearna m’Oifig imscrúdú agus a bhain le gearáin ar riarachán agus ar bhainistiú na nósanna imeachta um ardú céime go fóill. Deimhníonn sé seo an fhíric sheanbhunaithe, a aithníodh i dTuarascálacha Bliantúla comhleantacha de chuid OÓÉ ó 2006 ar aghaidh, go bhfuil riarachán na nósanna imeachta um roghnúchán ardú céime ina fhoinsé chomhsheasmhach chasaoide mar gheall ar nádúr idirnasctha cúrsaí traenála agus gairme agus forbairt ghairme laistigh d’Óglaigh na hÉireann. Ó 2006 ar aghaidh, b’ionann casaoídí maidir le riarachán agus le bainistíocht na nósanna imeachta um ardú céime agus 36% de na cásanna uile a tarchuireadh chuig m’oifig.

Tá áthas orm a thuairisciú gur dhearbhaigh an tAire Cosanta, an tUasal Alan Shatter, TD, dom trí litir le déanaí gur tháinig an idirbheartaíocht a bhí ar siúl le tamall anuas tríd an Scéim Idir-Réitigh agus Eadrána, lenar bhain na heagraíochtaí ionadaíocha míleata agus an Roinn, i gcrích agus gur comhaontaíodh scéim nua ardú céime Oifigeach Neamhchoimisiúnaithe (ONC) i mí na Nollag 2011. Tá forálacha nua a bhaineann le nósanna imeachta um ardú céime Oifigeach freisin. Táim ag fanacht ar na scéimeanna nua a fheiceáil agus táim ag tnúth le cur chun feidhme deiridh an chórais nua.

Bhí áthas orm freisin go ndearnadh obair m’Oifige maidir le béim a leagan ar ábhair imní maidir le próisis riaracháin i réimsí amhail cúrsaí gairme, traenáil, seirbhís thar lear agus ardú céime, atá idirspiléach agus nasctha le chéile, a chur san áireamh i gceapadh na scéimeanna nua ardú céime nuair a chuir an tAire Shatter in iúl do Dháil Éireann i mí an Mheithimh 2011 gur *‘chuidigh moltaí an Ombudsman le forbairt scéime nua ardú céime.’* Táim ag tnúth le faireachán a dhéanamh i 2012 ar an dóigh a rachaidh na scéimeanna nua ardú céime i bhfeidhm ar an líon cásanna agus ar an gcineál cásanna a thionscain baill trí nósanna imeachta um Shásamh Éagóracha de chuid Óglaigh na hÉireann agus, mar an gcéanna, ar chásanna a tharchuirtear chuig m’oifig.

Is suimiúil go bhfuil an dá shaincheist seo – athruithe polasaí tar éis moltaí agus maoirseacht ar mheicníochtaí reatha láimhseála gearán – ina ngnéithe tábhachtacha d’Oifig Ombudsman mhíleata a aithníodh i staidéar idirnáisiúnta úrnua ar institiúidí Ombudsman d’fhórsaí armtha a foilsíodh i 2011. Tá *Comparative Perspective of Ombudsman Institutions for the Armed Forces*¹ ina shuirbhé ceannródaíoch ar chleachtais agus ar pholasaithe institiúidí Ombudsman i 15 thír². Foilsithe i mí Aibreáin 2011 ag an Ionad um Rialú Daonlathach ar Fhórsaí Armtha (IRDFA) atá lonnaithe sa Ghinéiv, cuirtear ar fáil sa staidéar seo tagarmharc idirnáisiúnta atá bunaithe ar fhianaise don chéad uair chun creat reachtúil agus oibríochtúil OÓÉ a mheas.

Léirítear sa staidéar go bhfuil ár gcóras sásaimh do bhaill ar seirbhís agus d’iarbhaill d’Óglaigh na hÉireann láidir agus forásach de réir caighdeáin idirnáisiúnta. Creidim go gcloíonn OÓÉ go diongbháilte leis na trí phrionsabal bhunúsacha de chuid Ombudsman míleata a aithnítear sa staidéar, eadhon i) neartú a dhéanamh ar rialú sibhialtach agus daonlathach ar fhórsaí cosanta ii) cosaint níos fearr a dhéanamh ar na saoirsí bunúsacha

1 Tá *A Comparative Perspective of Ombudsman Institutions for the Armed Forces* ag Hans Born, Aidan Wills, agus Benjamin S. Buckland ar fáil ar líne ó www.dcaf.ch/Publications

2 Is iad na tíortha agus na hinstitiúidí a ghlac páirt sa staidéar: An Ostair (Coimisiún Gearán Parlaiminteach Fhórsaí Armtha na hOstaire), an Bheilg (Ard-Chigire Idirghabhála Fhórsaí Armtha na Beilge), Ceanada (an tOmbudsman don Roinn Cosanta Náisiúnta agus d’Fhórsaí Ceanada), an Eastóin (Oifigeach an tSeansailéara Dlí agus Cirt), an Fhionlainn (Ombudsman Parlaiminteach na Fionlainne), an Ghearmáin (an Coimisinéir Parlaiminte do na Fórsaí Armtha), an Ísiltír (Ard-Chigire na bhFórsaí Armtha), an Iorua (an tOmbudsman Parlaiminte do na Fórsaí Armtha), Éire (an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann), an Pholainn (an Coimisinéir um Chosaint Chearta Sibhialta), an Rómáin (Institiúid Abhcóide an Phobail), an tSeirbia (Cosantóir na Saoránach), an tSlóivéin (an tOmbudsman um Chearta an Duine), an tSualainn (an tOmbudsman), an Ríocht Aontaithe (an Coimisinéir Gearán Seirbhísí).

agus ar chearta bunúsacha an duine de chuid ball ar seirbhís agus de chuid iarbhall trí meicníochtaí níos éifeachtaí maidir le láimhseáil ghearán agus le sásamh a chruthú iii) meicníocht neamhspleách maidir le rialú cáilíochta a chruthú chun maoirseacht a dhéanamh ar nósanna imeachta, ar chleachtais agus ar pholasaithe laistigh d’fhórsaí cosanta.

É sin ráite, léirítear sa staidéar freisin réimsí ina bhféadfadh ár gcreat reachtúil agus oibríochtúil leas a bhaint as athbhreithniú agus as plé chun a áirithiú go bhfanfaidh ár gcóras maoirseachta agus sásaimh mar mhúnla dea-chleachtais idirnáisiúnta. Mar shampla, léirítear sa suirbhé go bhfuil cumas ag formhór institiúidí Ombudsman mhíleata a bhfiosruithe féin, ar a dtugtar ‘imscrúduithe féintairisceana’ de ghnáth, a thionscnamh, seachas a bheith ag brath ar Ghearánach cás a tharchur sula gcuirfear tús le himscrúdú.

Féachtar ar an acmhainn ‘féintairisceana’ mar ghné thábhachtach de neamhspleáchas oibríochtúil Ombudsman agus is cumhacht a fheidhmíonn 12 institiúid Ombudsman de na 15 institiúid Ombudsman a scrúdaítear sa staidéar í. Ba iad na heisceachtaí an Bheilg, Éire agus an Ríocht Aontaithe³.

Agus ocht mbliana tar éis rith an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), agus sé bliana taithí praiticiúla ar mhaoirseacht, ar imscrúdú agus ar bhreithniú ag m’Oifig, creidim gur cheart breithniú a dhéanamh anois ar an dóigh, ar an gcéad dul síos, a bhfuil ár gcóras maoirseachta ag comhlíonadh bhunchúiseanna bunaithe agus bhunspriocanna na reachtaíochta agus, ar an dara dul síos, ar an dóigh a bhfuil sé ag oiriúnú do dhúshláin phearsanra Óglaigh na hÉireann agus, ar an tríú dul síos, ar an dóigh a bhféadfadh sé leas a bhaint as cumhachtaí leathnaithe atá cumhdaithe i gcórais sásaimh den chineál céanna i ndlínsí eile.

Agus é seo á chur san áireamh agam, scríobh mé chuig an Aire Cosanta, Alan Shatter TD, ag moladh gnéithe sonracha den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 a d’fhéadfadh leas a bhaint as athbhreithniú, as leasú agus as leathnú. Tá áthas orm a thuairisciú gur thug an tAire freagra dearfach ar mo thionscnamh agus táim ag tnúth le dul chun cinn a dhéanamh ar dhíospóireachtaí i 2012.

D’fhonn a áirithiú go bhfuil deis ag na páirtithe leasmhara uile cur leis an bpróiseas seo, tá sé i gceist agam freisin seimineár a thionól i 2012 chun deis a thabhairt do phlé maidir le hobair na sé bliana seo a chuaigh thart agus d’iniúchadh a dhéanamh ar an leas a bhaineann le hathbhreithniú féideartha agus le hathchóiriú a dhéanamh ar chreat reachtúil agus oibríochtúil OÓÉ d’fhonn foghlaim ónár dtaithí féin agus leanúint le bheith ag cur le caighdeán idirnáisiúnta dea-chleachtais.

Deimhnítear i bPáipéar Polasaí an Ionaid um Rialú Daonlathach ar Fhórsaí Armtha, Comparative Perspective of Ombudsman Institutions for the Armed Forces, go bhfuil fás ag teacht le déanaí ar an spéis idirnáisiúnta in obair Institiúidí Ombudsman atá ag obair sa réimse míleata. I mí Aibreáin 2011 bhí an 3ú Comhdháil Idirnáisiúnta de chuid na nInstitiúidí Ombudsman d’Fhórsaí Armtha (CIIOFA) ar siúl sa tSeirbia. Bhí an chomhdháil, dar teideal Protecting the Human Rights of Armed Forces Personnel: Old and New Challenges, eagraithe ag an Uasal Saša Janković, Cosantóir Shaoránaigh Phoblacht na Seirbia, agus ag an Ionad um Rialú Daonlathach ar Fhórsaí Armtha, le tacaíocht ó Aireacht Cosanta Phoblacht na Seirbia.

Sheachaid mé páipéir ar dhá cheann de na trí eochairthéama den chomhdháil (cearta an duine de chuid pearsanra i misin ilnáisiúnta agus an caidreamh idir na meicníochtaí maoirseachta agus na meicníochtaí inmheánacha láimhseála gearán míleata de chuid oifig an Ombudsman) agus stiúir mé an díospóireacht phainéil ar an tríú téarma (ionadaíocht phearsanra míleata trí cheardchumainn agus trí chomhlachais).

Cuireadh an chomhdháil i gcrích le síniú ‘Mheabhrán Bhéalgrád’, rud a dhearbhaigh an rannchuidiú luachmhar atá Comhdháil Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Ombudsman d’Fhórsaí Armtha á dhéanamh i réimse míleata atá ag athrú go tapa. Bhí sé mar phribhléid dom a bheith i gceannas ar an gCoiste Dréachtaithe don mheabhrán. Bhunaigh Comhdháil Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Ombudsman d’Fhórsaí Armtha suíomh Gréasáin, www.icoaf.org, freisin a mbeidh ina fhoinsé luachmhar faisnéise agus a spreagfaidh plé i measc gach duine a bhfuil spéis acu i maoirseacht neamhspleách shibhialtach agus i gcosaint chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha de chuid phearsanra na bhfórsaí armtha.

Dearbhaíodh an spéis idirnáisiúnta leanúnach sna staitisticí do www.odf.ie, ina léirítear 13% méadú ar an líon cuairteoirí leithleacha, agus ina dtaifeadtar cuairteanna ó 85 tír éagsúla i rith 2011. Bhí Aireacht Cosanta na hAfraice Theas i gcomhairle le m’Oifig i 2011 freisin maidir leis an gcreat reachtúil d’oifig Ombudsman mhíleata agus maidir le saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme praiticiúil an ról agus an tsainchúraim. Bhí sé mar phribhléid faisnéis a thabhairt do thoscaireacht ó Aireacht Cosanta na hAfraice Theas agus ó fhórsaí armtha na hAfraice Theas le linn a gcuarite ar Bhaile Átha Cliath.

Mar a luaigh mé thuas, agus mar a bheidh soiléir ó na gníomhaíochtaí éagsúla a mhionsonraítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo, bhí 2011 ina bliain ghnóthach agus tháirgiúil. Tá sé mar chloch choirnéil de m’obair a áirithiú go bhfaigheann baill ar seirbhís agus iarbhaill d’Óglaigh na hÉireann breithniú neamhspleách, neamhchlaonta agus cóir ó m’Oifig. Agus é sin á chur san áireamh agam, ní mór dom taifeadadh a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinne Óglaigh na hÉireann agus an tAire Cosanta

3 Níl samhail na Ríochta Aontaithe a scrúdaítear sa pháipéar taighde ina hinstitiúid neamhspleách Ombudsman. Feidhmíonn Coimisinéir Gearán Seirbhísí na Ríochta Aontaithe laistigh de nósanna imeachta reatha um chasaoídí míleata, seachas a bheith neamhspleách leo.

araon maidir le laghdú a dhéanamh ar na hagaí freagartha do mo Thuarascálacha ag an gcéim réamh-imscrúdaithe agus do mo bhreithnithe i dTuarascálacha Deiridh don Aire nuair a dhéanaim taifeadadh ar mo thorthaí agus ar mo mholtaí.

Maidir leis an bpointe deiridh sin, tá a fhios agam gur chuir an tIar-Aire Cosanta, an tUasal Tony Killeen, TD, tús le hobair chun laghdú a dhéanamh ar an am a thógtar chun freagraí a thabhairt ar mo Thuarascálacha Deiridh. D’fhág an tAire Killeen oifig i mí Eanáir 2011 agus ba mhaith liom aitheantas agus buíochas a thabhairt dó anseo as an spéis a léirigh sé nuair a rinneamar plé ar chuspóirí obair m’Oifige le linn a thréimhse mar Aire Cosanta.

Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil leis an tiomantas a léirigh an tUasal Alan Shatter, TD, do m’Oifig ó d’éirigh sé ina Aire Cosanta i mí an Mhárta 2011 agus táim ag tnúth le tógáil ar an gcaidreamh dearfach oibre seo leis an Aire sna míonna amach romhainn.

Chothaigh an rannpháirtíocht dhearfach leanúnach le m’Oifig ag an gCeann Foirne, ag an Leifteanant-Ghinearál Seán McCann, agus ag a cheannasaíocht shinsearach agus ag a fhoireann shinsearach, an cumas atá agam m’fheidhmeanna mar Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann a chomhlíonadh agus freastal ar leasanna ball, agus ar leasanna iarbhall, ag gach leibhéal d’Óglaigh na hÉireann. Ba mhaith liom mo bhuíochas a thaifeadadh as an meas a thugtar do m’oifig i ngach déileáil le hÓglaigh na hÉireann.

Mar a luaigh mé i dTuarascálacha Bliantúla roimhe, tá an cur chuige tuisceanach agus dearfach atá ag an gCeann Foirne, ag a chomhghleacaithe sa cheannasaíocht shinsearach agus ar an bhfoireann, rithábhachtach d’fheidhmiú OÓÉ. Ní fhéadann athrú tarlú gan cheannaireacht. Ó bunaíodh OÓÉ, bhí an chosúlacht láidir gur aithin Óglaigh na hÉireann an leas a fhéadann Oifig mhaoirseachta a thabhairt dá nósanna imeachta pearsanra agus acmhainní daonna. Chothaigh an freagra dearfach seo caidreamh atá bunaithe ar chóimheas a áirithíonn go bhféadann OÓÉ éifeacht leanúnach thairbhiúil a bheith aige ar nósanna imeachta bainistíochta agus riaracháin laistigh d’Óglaigh na hÉireann.

Agus é sin á chur san áireamh agam, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chomhoibriú leanúnach a fhaigheann m’oifig ó Rannóg Óglaigh na hÉireann um Shásamh, ó Oifig Stiúrthóir na Rannóige um Bainistíocht Acmhainní Daonna (S RBAD), ó Oifig Bainistíochta an Phearsanra Liostáilte (OBPL) agus ó Oifig Bainistíochta na nOifigeach Coimisiúnaithe (OBOC). Bhí baint lárnach ag na rannóga seo d’Óglaigh na hÉireann i laghdú a dhéanamh ar an aga freagartha do mo thuarascálacha ag an gcéim réamh-imscrúdaithe agus is mór a gcomhoibriú ina leith sin agus i leith réimse eile gníomhaíochtaí a bhaineann le m’Oifig.

I mo Thuarascáil Bhliantúil do 2009, thagair mé do m’iniúchadh ar na moltaí le haghaidh athbhreithnithe, athchóirithe agus sásaimh atá le fáil i mo Thuarascálacha Deiridh agus ar an bhfreagra ina dhiaidh sin ag an Aire Cosanta ó bunaíodh m’Oifig. Creidim go bhfuil an beartas seo um fhaireacháin agus iniúchadh a dhéanamh ar ghlacadh agus ar chun feidhme moltaí lárnach d’obair m’Oifige. Coinníonn OÓÉ taifead cruinn agus suas chun dáta de na moltaí le haghaidh athchóiriú riaracháin agus córasach. Chuir an tAire Shatter in iúl dom go bhfuil na gealltanais a bhaineann le cleachtais riaracháin a athchóiriú a d’eascair ó mo bhreithnithe mar chuid den phlé leanúnach ag na húdaráis mhíleata agus ag an Roinn Cosanta agus go bhfuil siad liostaithe mar bhuanmhír ag cruinnithe míosúla an Bhuanchoiste um Shaincheisteanna Beartais Phearsanra Óglaigh na hÉireann. D’iarr mé go gcomhaontófaí socruithe trína bhféadfadh an Buanchoiste an t-eolas is deireanaí maidir le stádas cur chun feidhme na n-athchóirithe a thiocthadh ó mo mholtaí a thabhairt dom.

Comhlíonann Tuarascálacha Bliantúla ról tábhachtach maidir leis an ngníomhaíocht agus leis na tionscnaimh de chuid comhlacht poiblí i mbliain amháin a mhíniú. Ní amháin go bhfuil an fheidhm ‘breathnaithe siar’ seo tábhachtach do thrédhearcacht agus do chuntasacht, ach tá sí tábhachtach freisin chun cuidiú le measúnú seachtrach ar an maoirseacht, ar an obair faireacháin agus ar na breithnithe cásanna ar leith de chuid Oifige amhail OÓÉ agus chun an luach ar airgead a sholáthraíonn Oifig den sórt sin a aithint. Mar sin féin, tá súil agam go spreagfaidh an Tuarascáil Bhliantúil seo, an séú Tuarascáil Bhliantúil ó cheap an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa mé mar Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann ar an 19 Meán Fómhair 2005, páirtithe leasmhara chun breathnú ar aghaidh agus na tairbhí forleathana a bhaineann le córas maoirseachta neamhspleáiche agus, le réiteach cóir neamhchlaonta díospóidí d’Óglaigh na hÉireann atá oiriúnach don fheidhm san 21ú hAois, a shamhlú freisin.

Mar a luaigh mé, tá corpas litríochta againn atá ag fás agus a thagann taithí idirnáisiúnta le chéile agus, a bhuí le hiarrachtaí Chomhdháil Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Ombudsman d’Fhórsaí Armtha, tá líonra bríomhar atá tiomanta do chaighdeán agus do struchtúir a fheabhsú le go gcomhlíonfaidh siad ar dhúshlán a thagann ó réimse slándála agus institiúideach atá ag síorathrú.

Bhí comhdháil tosaigh na nInstitiúidí Ombudsman d’Fhórsaí Armtha, a thionóil an tUasal Reinhold Robbe, agus é Choimisinéir Parlaiminte na Gearmáine do na Fórsaí Armtha ag an am, i mBeirlín i 2009, ina fóram ina bhféadfadh institiúidí den chineál céanna imscrúdú a dhéanamh ar a gcomhluachanna agus ar a gcomhspríocanna. Tógadh ar an móiminteam a tháinig ón gcomhdháil úrnua sin ag an dara Comhdháil Idirnáisiúnta de chuid na nInstitiúidí Ombudsman d’Fhórsaí Armtha, arna heagraithe ag an Dochtúir Anton Gaál, Cathaoirleach Feidhmiúcháin Choimisiún Parlaiminte na hOstaire do na Fórsaí Armtha

Feidearálacha, agus ag an Ionad um Rialú Daonlathach ar Fhórsaí Armtha. Dhírigh an chomhdháil sin ar ról na n-institiúidí Ombudsman mhíleata maidir le cosaint agus le cur chun cinn a dhéanamh ar chearta an duine de chuid phearsanra na bhfórsaí armtha. Rinne an tríú comhdháil de chuid na nInstitiúidí Ombudsman d'Fhórsaí Armtha, a tionóladh sa tSeirbia i 2011, leathnú ar an téama seo, agus rinne sé imscrúdú ar na húrghúshláin agus ar na seandúshláin maidir leis na saoirsí bunúsacha agus le cearta an duine de chuid phearsanra na bhfórsaí armtha. Tá creat Chomhdháil Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Ombudsman d'Fhórsaí Armtha ina fhóram tábhachtach le haghaidh malartú taithí agus chur chun cinn na gcaighdeán dea-chleachtais.

Is ag OÓÉ freisin atá taithí sé bliana ar a bheith ag déileáil le raon an-leathan imscrúduithe agus, a bhuí leis an obair sin, tá corpas moltaí aige atá mar thairbhe ollmhór maidir le haithint a dhéanamh ar réimsí inar bhain baill d'Óglaigh na hÉireann tairbhe mhór as athchóiriú agus, go deimhin, maidir le haithint a dhéanamh ar réimsí ina bhféadfadh athchóiriú amach anseo nó leasú reachtúil feabhas a chur ar chóras maoirseachta seachtraí agus breithnithe neamhspleách ar chasaidí atá forásach agus tuisceanach cheana féin.

Cé nár mhian liom a bheith saintreorach, creidim gur tráthúil agus luachmhar a bheadh comhairliúchán agus díospóireacht ar shaincheisteanna amhail cumhachtaí 'féintairisceana', rochtain ag baill teaghlaigh de phearsanra Óglaigh na hÉireann ar OÓÉ, cumhachtaí maoirseachta maidir le háiteanna coinneála Óglaigh na hÉireann nó le príosún míleata, agus cumas an Ombudsman discríd a úsáid maidir le hamlínte a tharscaoileadh- go háirithe i gcásanna ina bhfuil an Gearánach ar fiannas thar lear. Táim an-sásta gur aontaigh an tAire Shatter le m'iarratas le haghaidh díospóireachtaí faoi na saincheisteanna seo agus táim tiomanta dul chun cinn a dhéanamh orthu i 2012.

Tá súil agam go dtabharfaidh an Tuarascáil Bhliantúil seo léargas eolasach agus léirsteanach do léitheoirí ar ghníomhaíochtaí OÓÉ i 2011. Tá go leor gnéithe d'obair na hOifige – maoirseacht ar láimhseáil inmheánach ghearán míleata, imscrúdú agus breithniú ar chásanna, eisiúint Tuarascálacha Deiridh agus mholtaí agus rannchuidiú a dhéanamh don díospóireacht agus don obair Eorpach agus idirnáisiúnta maidir le caighdeán dea-chleachtais a fhorbairt d'oifigí institiúidí Ombudsman mhíleata agus, trí chomhoibriú le hOifig Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shláindáil agus Chomhoibriú san Eoraip d'Institiúidí Daonlathacha agus do Chearta an Duine, cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do Stáit atá sa chéim idirthréimhseach de dhaonlathas.

Níl aon amhras gur am spreagúil agus eachtrúil é seo chun a bheith páirteach sa réimse tábhachtach seo, agus tabhairt faoi obair éagsúil a fhéachfaidh go deo lena áirithiú go bhfuil sé mar phríomhthosaíocht dúinn bealach cóir neamhchlaonta neamhspleách achomhairc a chur ar fáil do bhail d'Óglaigh na hÉireann. Ní mór do mo bhuíochas a thaifeadadh as an bhfoighne a thaispeáin baill agus iarbhaill d'Óglaigh na hÉireann ag am nach bhféadfaidh sásamh cuí, i gcásanna inar sheas mé le gearán, a bheith ar fáil sa ghearrthéarma go dtí an meántéarma de dheasca srianta fioscacha, an mhoratóra ar earcaíocht agus an laghdaithe i seirbhís thar lear.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a thaifeadadh go foirmiúil as obair m'fhoirne i 2011 agus mo bhuíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach go díograiseach i dtáirgeadh na Tuarascála Bliantúla seo, rud a bhfuil ina phíos mór oibre.



Paulyn Marrinan Quinn, SC
Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann

II Buaicphointí 2011

- Cuireadh 32 cás nua ar aghaidh i 2011.
- Eisíodh 29 Tuarascáil Deiridh ina bhfuil breithnithe agus moltaí.
- Tháinig méadú suntasach ar an gcéatadán de ghearáin sásaimh éagóracha a réitíodh laistigh de phróiseas láimhseála gearán Óglaigh na hÉireann, rud a dheimhnigh an tionchar tairbhiúil atá ag OÓÉ ar phróisis agus ar nósanna imeachta riaracháin Óglaigh na hÉireann agus ar a phróiseas láimhseála gearán féin trí chaighdeáin dea-chleachtais a chur i bhfeidhm.
- Laghdú ar an am a thógann Óglaigh na hÉireann chun freagra a thabhairt ar mo thuarascálacha ag an gcéim réamh-imscrúdaithe.
- Laghdú ar an meánlón laethanta a thógann an tAire agus an Ceann Foirne freagra a thabhairt ar bhreithnithe atá i dTuarascálacha Deiridh.
- Dearbhú gur comhaontaíodh scéimeanna nua d'ardú céime Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe agus Oifigeach agus go gcuirfear iad chun feidhme i 2012.
- Cuireadh feabhas ar fhaireachán agus ar iniúchadh cuimsitheach ag OÓÉ ar mholtaí le haghaidh athchóirithe agus leighis arna ndéanamh i dTuarascálacha Deiridh OÓÉ. Cuireadh iniúchadh nuashonraithe ar mholtaí faoi bhráid na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann. Tá rannpháirtíocht ghníomhach i bhfaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme fós á déanamh.
- Togra chun dul i dteagmháil leis an Roinn Cosanta in athbhreithniú ar reachtaíocht phríomha chun plé a dhéanamh ar réimsí inar mhol OÓÉ go bhféadfadh athchóiriú caighdeáin dea-chleachtais a tionscnaíodh a chaomhnú.
- Méadú 13% ar an líon cuairteoirí leithleacha ar shuíomh Gréasáin OÓÉ, agus taifeadadh cuairteanna ó 85 tír éagsúla i 2011.
- D'éascaigh an tOmbudsman toscaireacht a bhí ar cuairt ó Aireacht Cosanta na hAfraice Theas agus ó Fhórsaí Cosanta na hAfraice Theas agus thug sí faisnéis dóibh ar na struchtúir reachtúla d'institiúidí ombudsman i gcomhthéacs míleata mar chuid d'ullmhúchán na hAfraice Theas le haghaidh ombudsman míleata a bhunú.
- D'fhóin an tOmbudsman ar an nGrúpa Oibre mar ullmhúchán don 3ú Comhdháil Idirnáisiúnta de chuid Institiúidí Ombudsman d'Fhórsaí Armtha a tionóladh sa tSeirbia i mí Aibreáin 2011.
- Ar mholadh Ambasadóir na hÉireann d'Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip, A Oirirceas, Eóin O'Leary, thug an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála cuireadh don Ombudsman aitheasc do Chomhdháil Comhpháirtithe Meánmhara Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip in Budva, Montainéagró. Ag an gComhdháil Comhpháirtithe, dar teideal *Democratic Transformation: Challenges and Opportunities in the Mediterranean Region*, chuaigh ionadaithe ón Ailgéir, ón Éigipt, ó Iosrael, ón Iordáin, ó Mharacó agus ón Túinéis i leith ionadaithe ó stáit Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip chun plé a dhéanamh ar dhúshláin dhaonlathacha agus institiúideacha i réigiún na Meánmhara. Ar chuireadh na hóst-tíre, ghlac Údarás Náisiúnta na Palaistíne páirt sa chomhdháil. Rinne an tOmbudsman plé ar ról na bpéas agus na bhfórsaí armtha i stáit atá i gcéim idirthréimhseach an daonlathais.

III Anailís ar Chásanna

Sula dtarchuirfidh siad gearán chugam ní mór do bhaill ar seirbhís d’Óglaigh na hÉireann an nós imeachta um Shásamh Éagóracha (SE) a leanúint ar dtús. Féadann iarbhaill d’Óglaigh na hÉireann teagmháil a dhéanamh liom go díreach i scríbhinn nó trí ghearán a chur isteach ar líne trí www.odf.ie.

Déanann m’oifig athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar chaighdeán agus ar fhormáid na faisnéise a chuirtear i láthair i dTuarascálacha Bliantúla agus ar www.odf.ie chun a áirithiú go mbíonn sí ábhartha, cruinn agus inrochtana. Spreagaim agus spreagann m’fhoireann aiseolas ar ár bhfoilseacháin agus úsáidim an comhphlé seo chun feabhas a chur ar an bhfaisnéis atá ar fáil do pháirtithe leasmhara agus don phobal níos leithne, agus bíonn soiléireacht agus cruinneas mar spriocanna againn i gcónaí.

Is éard atá sa chuid seo de mo Thuarascáil Bhliantúil na staitisticí ceannlíne lena gcuirtear forbhreathnú ar fáil ar ghníomhaíocht lárnach m’Oifige maidir le himscrúdú agus le breithniú cásanna i 2011. Tá faisnéis níos mionsonraithe a bhaineann leis na staitisticí, lena n-áirítear, mar shampla, miondealú ar ghearáin agus ar achomhairc atá faighte de réir réimse seirbhíse, céime agus inscne, ar fáil ag www.odf.ie/publications agus in Aguisín 1 a ghabhann leis an Tuarascáil Bhliantúil seo.

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo freisin atá ceannnteideal nua ar leith ina mionsonraítear gearáin agus achomhairc a tarchuireadh chuig m’Oifig i 2011 amháin. Tugadh é seo isteach ionas nach mbeadh aon mhearbhall idir cásanna nua a cuireadh ar aghaidh agus cásanna a tugadh ar aghaidh ó bhliain féilire amháin go dtí an bhliain eile – agus tá gach ceann de na nithe seo mar chuid d’ualach cásanna OÓÉ le linn aon bhliana ar leith agus is ionann iad agus réimse oibre.

Fógraí gearán faoi alt 114 den Acht Cosanta, 1954 (arna leasú)

Faoi alt 114 den Acht Cosanta, tá sé de cheart dlíthiúil ag baill ar seirbhís d’Óglaigh na hÉireann féachaint le gearán a bheith láimhseáilte go himmheánach trí na nósanna imeachta um Shásamh Éagóracha (SÉ) de chuid Óglaigh na hÉireann.

Is é ceann de na gnéithe is nuálaí den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004, an ról maoirseachta a thugtar ann don Ombudsman maidir leis an meicníocht inmheánach seo um réiteach díospóidí míleata.

Ní mór gach gearán a thaisctear trí phróiseas Sásaimh Éagóracha a chur in iúl do m’oifig (agus don Aire Cosanta). Déanann m’oifig faireachán go gníomhach ar dhul chun cinn na ngearán seo tríd an gcóras. Más rud é, tar éis tréimhse 28 lá, nach ndearnadh dul chun cinn ar an ábhar seo chun sástacht an Ghearánaigh nó más rud é nach bhfuil sé nó sí sásta leis an toradh, féadann siad an cás a tharchur go foirmiúil chuig m’Oifig tar éis d’Óglaigh na hÉireann rialú a dhéanamh air ag leibhéal an Chinn Foirne.

A bhuí leis an gcóras fógartha, féadann m’Oifig maoirseacht a dhéanamh ar nósanna imeachta um chasaidí inmheánacha laistigh d’Óglaigh na hÉireann agus áirithíonn sé go bpróiseáiltear gach gearán aonair laistigh den amfhráma socraithe.

Fuair mé 78 Fógra Gearán a thionscain baill ar seirbhís d'Óglaigh na hÉireann idir mí Eanáir agus mí na Nollag 2011.

Chomh maith leis na 78 Fógra Gearán a taifeadadh i 2011, rinne m'Oifig faireachán ar 26 Fógra Gearán a thionscain baill ar seirbhís d'Óglaigh na hÉireann i 2010 agus a bhí Óglaigh na hÉireann fós á ndéileáil leo i 2011.

Nuair atá athbhreithniú á dhéanamh ar na figiúirí a bhaineann le Fógraí Gearán thar na trí bliana seo caite, tagann treocht an-suimiúil agus an-dearfach chun cinn. I 2009, níor réitíodh ach 21% de na Fógraí Gearán laistigh d'Óglaigh na hÉireann ag an gcéim Sásaimh Éagóracha. I 2011, mhéadaigh an figiúr seo go 46%.

Tá fáilte roimh an bhforbairt seo agus léiríonn sí go dtugann Óglaigh na hÉireann aird, agus iad ag déileáil le gearáin Sásaimh Éagóracha, ar thorthaí cásanna roimhe seo a bhreithnigh mé agus ar na moltaí a d'eisigh mé.

Cásanna a fuair an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann go díreach

Cé nach mór do bhaill ar seirbhís d'Óglaigh na hÉireann próiseas Sásaimh Éagóracha a agairt sula bhféadfaidh siad cás a tharchur chuig m'oifig, féadann iarbhaill d'Óglaigh na hÉireann gearáin a tharchur go díreach chugam, faoi réir coinníollacha áirithe. Féadtar gearán i ndáil le haon ghníomhaíocht arna déanamh ag státseirbhíseach, a thagann ó bhall ar seirbhís nó ó iarbhall, a tharchur go díreach chuig m'Oifig freisin.

I 2011 tarchuireadh ocht ngearán go díreach chuig m'Oifig.

An líon cásanna le haghaidh mo bhreithnithe i 2011

32 cás. Is éard a bhí i gceist leo:

- B'ionann 12 chás agus achomhairc ó Shásaimh Éagóracha a tionscnaíodh i 2011
- B'ionann 10 gcás agus achomhairc ó Shásaimh Éagóracha a tionscnaíodh i 2010 agus a achomharcadh i 2011
- Taisceadh 8 gcás go díreach le m'Oifig
- I 2011, athosclaíodh 2 chás a dúnadh i 2010

An líon cásanna a bhí faoi imscrúdú i 2011

Chomh maith leis na 32 cás dá dtagraítear thuas, lean m'Oifig le hobair ar 57 cás eile a bhí i mo chóras amhail an 31 Nollaig 2010, rud as ar eascair ualach cásanna de 89 cás.

Mheas mé go raibh sé chás de na 89 cás seo lasmuigh de mo théarmaí tagartha, rud a d'fhág go raibh m'Oifig ag déanamh scrúdú ar 83 cás i 2011.

Forais Ghearán agus Cúiseanna Gearán

Is mar seo a leanas a bhí na forais agus na cúiseanna a raibh ina gcúis le gearán sna 83 cás:

- Bhain 37 gearán le riarachán agus le bainistíocht na nósanna imeachta um ardú céime, amhail tuarascálacha measúnaithe ar fheidhmíocht agus ballraíocht na mbord agallaimh
- Bhain 13 ghearán le riarachán agus le bainistíocht na nósanna imeachta roghnúcháin do chúrsaí gairme
- Bhain 23 gearán le drochriarachán nósanna imeachta a bhaineann le gairm, amhail saincheisteanna a bhaineann le scaoileadh agus tuarascálacha measúnaithe ar fheidhmíocht
- Bhain 6 ghearán le riarachán agus le bainistíocht na nósanna imeachta roghnúcháin do sheirbhís thar lear
- Bhain 4 ghearán le hiompar míchuí líomhnaithe nó le bulaíocht líomhnaithe

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, níor tarchuireadh aon ghearáin maidir le gnéaschiapadh chugam i 2011.

Arís i 2011, bhain an fhoinsé is suntasaí ghearáin le riarachán agus le bainistíocht na nósanna imeachta roghnúcháin do chomórtais ardú céime. Deimhníonn sé seo treocht dhea-bhunaithe a aithníodh i dTuarascálacha Bliantúla OÓÉ i ndiaidh a chéile. Ó bunaíodh m'oifig, bhain 36% de na cásanna uile a tarchuireadh chugam le riarachán agus le bainistíocht na nósanna imeachta um ardú céime.

Mar a thug mé faoi deara i mo réamhrá, chuir mé fáilte roimh an bhfíric gur dheimhnigh an tAire Cosanta, an tUasal Alan Shatter, TD, go mbeadh éifeacht leis na scéimeanna nua ardú céime go luath amach anseo agus tá súil agam go gcuirfidh an t-athchóiriú seo feabhas ar réimse tábhachtach a raibh ina fhoinsé chasaoide do bhaill d'Óglaigh na hÉireann.

Stádas na gcásanna a imscrúdaíodh i 2011

Tá ceithre phríomhchéim in imscrúdú ar chás a tharchuirtear chuig m'Oifig.

- Déantar Réamh-Imscrúdú ar an gcás chun a áirithiú go dtagann sé laistigh de pharaiméadair an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.

IV Saolré Ghearáin

- ii) Déantar anailís ar an gcás chun na fíricí agus na nithe atá á ndíospóid a bhunú. Tugtar aird ar na hargóintí ar son an ghearánaigh agus ina aghaidh.
- iii) Eisítear tuarascáil ina bhféadfaí réamhthorthaí a chur in iúl agus soiléirithe agus cruthúnais dhoiciméadacha eile a iarraidh nuair is gá. Eisíodh 32 tuarascáil den sórt sin i 2011.
- iv) Tar éis dom breithniú a dhéanamh ar na freagraí agus ar aon aighneachtaí breise mar fhreagra ar mo thuarascáil ag an gcéim réamh-imscrúdaithe, eisím mo Thuarascáil Deiridh, rud ina leagtar amach mo thorthaí agus mo mholtaí, a chuirtear ar aghaidh chuig an Aire Cosanta, chuig an gCeann Foirne, chuig an nGearánach agus chuig aon duine eile a mheasaim é a bheith cuí a chur san áireamh sa liosta seo.

De na 83 cás a breithníodh i 2011:

- Eisíodh 29 Tuarascáil Deiridh ina raibh breithniú OÓÉ
- Tá 17 dTuarascáil Deiridh ar feitheamh mar go bhfuil mé ag fanacht le freagraí ar thuarascálacha ag an gcéim réamh-imscrúdaithe agus/nó ó Óglaigh na hÉireann
- Tá 37 cás ag an gcéim réamh-imscrúdaithe i gcóras OÓÉ
- De na 29 Tuarascáil Deiridh a eisíodh, sheas mé leis an ngearán i 17 gcás, sheas mé go páirteach leis an gcás i sé chás agus níor sheas mé leis an ngearán i dtrí chás. I dtrí chás eile, tar éis dom mionscrúdú a dhéanamh ar na cásanna, dhiúltaigh mé do dhlínse.

Freagra an Aire ar Thuarascálacha Deiridh


Is mar seo a leanas a bhí freagra an Aire Cosanta ar bhreithnithe i mo Thuarascálacha Deiridh:

- Ghlac an tAire leis na moltaí agus leis na torthaí i 15 chás
- Níor ghlac an tAire leis na moltaí ná leis na torthaí i mo Thuarascálacha Deiridh i 4 chás
- Ní raibh gá le freagra ón Aire i 2 chás

Amhail an 31 Nollaig 2011, bhí mé ag fanacht le freagra an Aire ar ocht dTuarascáil Deiridh.

Mar a luadh i mo Réamhrá, bhí feabhas suntasach i 2011 ar an méid ama a tógadh chun freagra a fháil ón Aire tar éis eisiúint na Tuarascála Deiridh. I 2010, ba é an meánfhad ama 198 lá, agus laghdaíodh é seo go 84 lá i 2011. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur laghdaigh Óglaigh na hÉireann an fad ama a tógadh chun freagra a thabhairt ar Réamhthuarascálacha Tuairimí – i 2011, ba é an meánam 65 lá, i gcomparáid le 95 lá i 2010.

Táim aireach ar an rannchuidiú agus ar an iarracht a rinneadh in imthosca inar fhan na leibhéil foirne i rannóg an Stiúirthóra um Bainistíocht Acmhainní Daonna (S RBAD) statach.



* Tig le hiarbhall gearán a dhéanamh maidir le gníomhartha líomhnaithe a tharla agus é nó í ina b(h)all ar seirbhís. Caithfidh go raibh an duine freagrach as an ngníomh agus an gearánaí ina mbaill ar seirbhís ag am an ghnímh líomhnaithe nuair a tharla an beart líomhnaithe.

Tráchteaireacht ar Roinnt Cásanna a Breithníodh i 2011

Bainistíocht na bpróiseas riaracháin a bhaineann le comórtais ardú céime

Mar a luadh i mo Réamhrá, cuirim fáilte roimh chomhaontú na scéimeanna nua ardú céime d’arduithe céime Oifigeach agus Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe, agus déanfaidh mé faireachán go géar ar an gcur chun feidhme agus ar na torthaí sna míonna amach romhainn.

Tá áthas orm gur chuidigh na breithnithe a rinneadh i mo Thuarascálacha Deiridh le creat na scéimeanna nua ardú céime, réimse a raibh ina fhoinse chasaoide ó bunaíodh m’Oifig. Chuirfinn fáilte roimh aon deis chun cur leis an bplé ar na scéimeanna nua ardú céime mar go mbíonn m’Oifig ar fáil i gcónaí chun léargas agus treoir a thabhairt agus b’fhéidir go mbeadh sé tairbhiúil rannpháirtíocht dhíreach a bheith ag m’Oifig le linn plé dá shamhail sa todhchaí.

Táthar ag súil go mbeidh na scéimeanna nua ardú céime ina bhforbairt dhearfach. Mar sin féin, mar is léir ó na hachóimrí cáis atá san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil seo, agus go deimhin i dTuarascálacha Bliantúla roimhe, ní hiad na teipeanna a bhaineann leis an scéim ardú céime amháin a ghineann casaoid. Is minic a mbíonn teipeanna i bpróisis bhainistíochta agus riaracháin a bhaineann le scéim ardú céime, nó le haon phróisis roghnúcháin eile, ina gcúiseanna le cásanna a tharchuirtear chuig m’Oifig.

Mar shampla, sna hachóimrí cáis a chuirtear ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil seo, is mar ghnéithe de chásanna a bhreithnigh mé a bhí an mhainneachtain chun taithí iarrthóra a thaifeadadh go cruinn (Achoimre Cáis 3), an mhainneachtain chun teoracha riaracháin a chur i bhfeidhm i gceart (Achoimre Cáis 5), ballraíocht na mbord agallaimh (Achoimre Cáis 6), agus breithniú comhad neamhiomlán pearsanta ag an mbord agallaimh (Achoimre Cáis 4).

Féadann na saincheisteanna bainistíochta agus riaracháin seo teacht chun cinn beag beann ar chreat aon scéime ardú céime. Mar sin, cé go bhfuil fáilte le cur roimh scéimeanna nua ardú céime, ní uile-íoc í, agus seans go mbeidh m’Oifig fós ag déileáil le cásanna a d’eascair as láimhseáil agus riarachán na scéimeanna ardú céime.

Stríoc an Stáit

I mo Thuarascáil Bhliantúil 2007, d’fholaigh mé achoimre cáis a bhaineann le rud ar a dtugtar ‘Stríoc an Stáit’ (Achoimre Cáis 1, Tuarascáil Bhliantúil, 2007). D’eascair an tsaincheist seo arís i 2011. Bhain an dá chás le baill d’Óglaigh na hÉireann a bhí ag déanamh iarratas ar an ardú céime roghnach seo tar éis blianta fada seirbhíse tairiscí agus eiseamláirí.

Nuair a fhaighim gearán is í an chéad chéimréambh-imscrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna. Is é ceann de na chéad chinntí nach mór dom a dhéanamh cé acu a thagann nó nach dtagann an gearán laistigh de mo dhlínse.

Bronntar ‘Stríoc an Stáit’ ar bhonn fiúntais mar gheall ar sheirbhís nó ar iompar den scoth agus dhearbhaigh an Ceann Foirne, go loighciúil, nach bhfuil sé iomchuí critéir mhionsonraithe a leagan síos maidir leis na harduithe céime ar leith seo mar go bhfuil na gníomhaíochtaí a bhféadfaí ‘Stríoc an Stáit’ a bhronnadh ina leith chomh neamhchoitianta sin nach bhféadtar iad a chatagóiriú.

Cé go nglacaim le tuairim an Chinn Foirne, tá trua agam do bhaill atá ag céim an tSaighdiúra Shingil a rinne seirbhís airm le fada agus atá ag lorg aitheantais dá seirbhís dhílis d’Óglaigh na hÉireann agus iad ag tarraingt ar dheireadh a ngairmeacha. Creidim go bhfuil gá le comhsheasmhacht agus le soiléire maidir leis an dóigh a n-oibríonn an próiseas seo ionas go seachnófar díomá ar na baill atá ag dul ar scor agus ar a dteaghlaigh.

Mholfainn go measúil freisin go bhféadfaí gradam foirmiúil éigin (nach mbeadh aon sochar a bhaineann le pinsean i gceist leis, mar atá i gcás ‘Stríoc an Stáit’) a chur san áireamh.

Saincheisteanna maidir le teorainneacha reachtúla ama

I 2011, ghlac mé le dlínse agus bhreithnigh mé cás (Achoimre Cáis 5) a d’fhéadfaí a mheas, ar léiriú dian, a bheith Lasmuigh de mo Théarmaí Tagartha (LTT) mar gheall ar an bhfíric gur tarchuireadh é chuig m’Oifig lasmuigh den teorainn ama 12 mhí atá sonraithe in alt 6 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.

Mar a léirítear san achoimre cáis seo, bhí Óglaigh na hÉireann freagrach as an tarchur déanach, go háirithe mar gheall ar a mainneachtain an rabhadh a thug mé, go raibh an spriocdháta reachtúil ag druidim go tapa, a chur in iúl don bhall.

Leagann an cás seo béim ar an ngá atá le breathnú arís ar dhiscréid a thabhairt do m’Oifig maidir le forfheidhmiú na dteorainneacha ama, go háirithe i gcásanna ina bhfuil an chúis le tarchur déanach lasmuigh de smacht an Ghearánaigh nó i gcásanna inar tháinig sé chun cinn mar thoradh ar bhotún riaracháin. D’aithin mé é seo mar cheann de na saincheisteanna ina raibh athbhreithniú ag teastáil chun a áirithiú go bhfuil ár gcreat reachtúil mar shamhail den dea-chleachtas agus is réimse é a bhfuilim ag tnúth le dul chun cinn a dhéanamh air i 2012.

Léiríonn an cás seo go soiléir freisin an luach ollmhór a bhaineann le maoirseacht OÓÉ ar phróiseas Sásaímh Éagóracha Óglaigh na hÉireann. Déanann m’Oifig faireachán go géar ar gach Fógra Gearán a fhaightear ó Óglaigh na hÉireann agus, sa chás seo, aithníodh botún de chuid Óglaigh na hÉireann maidir le faisnéis ó m’Oifig a sheachadadh nuair a bhí saincheisteanna dlínse á mbreithniú, agus bhí an cás seo ina chúis leis an gcreideamh atá agam gur cheart casaoid dhlisteanach a bheith breithnithe ag m’Oifig. Is suntasach a bhí cinneadh Óglaigh na hÉireann gan cur in aghaidh mo chinnidh maidir le dlínse agus bhí fáilte roimhe freisin.

Deiseanna feabhsaithe do phearsanra liostáilte

Aithnítear in Achoimre Cáis 7 idirdhealú idir deiseanna do phearsanra coimisiúnaithe agus do phearsanra liostáilte, mar gur chosúil go ndearna siad leithcheal ar bhaill liostáilte ó thaobh forbairt ghairme ina ndearna siad dul chun cinn ar a staidéir agus ar a scileanna.

Sheas mé leis an gcás ar leith seo, a bhain le húsáid bhaill a bhain céim onóracha den chéad ghrád in innealtóireacht leictreonaice amach. Is fiú a lua, agus é ag glacadh le mo mholadh atá i mo Thuarascáil Bhliantúil, gur chuir an tAire Cosanta in iúl dom go leanfaí nósanna imeachta nua um cheapacháin theicniúla nó um cheapacháin sainoifigeach a líonadh agus, d’éagmais oifigigh atá cáilithe go cuí, go lorgófaí léirithe spéise ó phearsanra liostáilte. Tá sé seo ag teacht le moltaí ó ‘Thuarascálacha Uí Dhubhghaill’, *The Challenge of a Workplace* (2002), and *Response to Challenge of a Workplace* (2004).

Rochtain ar thaifid phearsanra

Bhí rochtain ar thaifid phearsanra, agus cruinneas na dtaifead seo, ina bhfoinse shuaiteach athfhillteach chasaoide (féach Achoimre Cáis 2, Tuarascáil Bhliantúil 2007) agus rinne mé tagairt shonrach don tsaincheist seo i mo thráchttaireacht ar chásanna i mo Thuarascáil Bhliantúil 2010, rud ina mhol mé gur cheart córas fíorúcháin a thabhairt isteach, rud trína bhféadfadh ball féachaint ar a thaifead atá coinnithe ar chomhad agus aon saincheisteanna a ardú roimh bhord agallaimh ardú céime nó roghnúcháin. Tá áthas orm a thuairisciú go ndearnadh dul chun cinn ar an tsaincheist seo le linn 2010 agus nach mór do bhaill d’Óglaigh na hÉireann cruinneas a gcomhad pearsanta agus cruinneas a dtaifead pearsanta a fhíorú anois sula dtionólfar bord agallaimh.

Tá sé ar cheann de na forbairtí is suntasaí ó d’éirigh mé i m’Ombudsman go bhfuil ceart rochtana ag baill iniúchadh a dhéanamh ar a dtaifid phearsanta. Ag gabháil leis an gceart sin, mhol Cinn Foirne roimhe seo, le réasún, gur cheart do bhaill a dtaifid a sheiceáil le haghaidh cruinnis roimh chomórtas roghnúcháin nó ardú céime. Tá sé seo réasúnta agus ciallmhar.

Córas Measúnaithe Feidhmíochta (AF 667)

Arís i mbliana, áirítear in achoimrí cáis atá sa Tuarascáil Bhliantúil seo tagairtí do shaincheisteanna a bhaineann le tuarascálacha measúnaithe feidhmíochta (Achoimre Cáis 6).

I mórán cásanna, bhí cúis agam mo thuairim a chur in iúl faoi nádúr neamhiontaofa an chórais seo agus faoin dearcadh diúltach i measc ball ar an gcóras. Mhol mé athbhreithniú ar an gcóras measúnaithe feidhmíochta.

Achoimrí Cáis

Tar éis dom mo réamb-imscrúdú a dhéanamh, eisím réambthuarascáil ina bhféadfaidh mé torthaí tosaigh a leagan amach agus tuilleadh faisnéise nó soiléirithe a iarraidh, rud a thugann deis d’fhreagraí agus d’aighneachtaí breise.

Achoimre Cáis 1: Seasadh leis an nGearán agus Réitíodh É

Ardú Céime – bhí Tuarascáil an Bhoird Agallaimh claonta agus gannmheasadh próifíl ghairme – mhol an Ceann Foirne ardú céime – Níor ghlac an tAire leis an moladh – Bhí mearbhall ar an nGearánach – Ghlac an tAire nua leis an moladh.

Thionscain an Gearánach iarratas Sásaimh Éagóracha (SÉ) i ndáil le cinneadh an Bhoird Agallaimh ardú céime a thabhairt do bhall eile ina áit. Fuair an Ceann Foirne (CF) amach go ndearnadh éagóir ar an nGearánach sa mhéid gur chosúil gur “caitheadh (i dTuarascáil an Bhoird Agallaimh) dímhéas ar a seirbhís an-suntasach fhiúntach thar lear”. Mar gheall air seo, chinn an Ceann Foirne go raibh forais ag an nGearánach a chreidiúint gur gannmheasadh a phróifíl ghairme sa tuarascáil agus gur léiríodh easpa cothroime inti, ó thaobh foclaíochta agus teanga, i bhfabhar an iarrthóra roghnaithe chun aimhleasa an Ghearánaigh.

Bhí imní ar an gCeann Foirne go bhféadfaí claonadh a nochtadh i dTuarascáil an Bhoird Agallaimh i bhfabhar pearsanra a raibh taithí acu in aonad ar leith agus gur leagadh an iomarca béime inti ar cháilíochtaí an iarrthóra rathúil. Cé gur iontach a bhí a cháilíochtaí, níorbh iad na cáilíochtaí riachtanacha a fógraíodh don fholúntas a bhí i gceist. Dúirt an Ceann Foirne go raibh sé beartaithe aige a mholadh don Aire gur cheart ardú céime i ról foruimhreach a thabhairt don Ghearánach, le héifeacht ó dháta ardú céime an iarrthóra roghnaithe. Mhol sé freisin gur cheart cóip den rialú seo a chur ag gabháil le Tuarascáil an Bhoird Agallaimh i gcomhad taifead réimsí an Ghearánaigh d’fhonn a áirithiú nach mbeadh tionchar míchuí ag na tuairimí atá inti ar bhoird amach anseo.

Nuair nár chuala an Gearánach rud ar bith eile le roinnt míonna, tháinig imní air nár shroich an t-ábhar, ar chúis éigin, oifig an Aire agus tharchuir sé an t-ábhar chugam. Ó m’imscrúduithe, fuair mé amach gur thug an tAire comhairle don Cheann Foirne, i bhfianaise a thorthaí go bhféadfaí a mheas go raibh claontacht i gceist leis an gcás seo, gurbh í an chonclúid nádúrtha go bhféadfaí a mheas go raibh claontacht in aghaidh na n-iarrthóirí eile go léir. Mar gheall air seo, bhí an tAire den tuairim go mbeadh sé ar an gcur chuige is cothroime an comórtas a athreáchtáil, agus é teoranta don triúr ball nár éirigh leo sa chomórtas bunaidh.

Scríobh mé chuig an Aire ag iarraidh air athmhachnamh a dhéanamh ar an ábhar agus chuir sé in iúl dom gurbh é an Gearánach an t-aon iarrthóir amháin a rinne gearán i ndáil leis an gcomórtas ardú céime. Chuir mé in iúl dó ina dhiaidh sin na himpleachtaí tromchúiseacha a thiocfadh chun cinn más rud é nach bhféadfadh baill brath ar na fíricí a luaitear i Rialuithe Breithnithe ón gCeann Foirne.

Tar éis athrú an Rialtais, scríobh an tAire nuacheaptha Cosanta chugam ag rá gur ghlac sé leis na modhanna a bhí molta chun an cás a shocrú agus gur scríobh sé chuig an gCeann Foirne ag iarraidh air na socruithe riachtanacha a chur i bhfeidhm.

Achoimre Cáis 2: Seasadh leis an nGearán

An Bord Agallaimh – Líomhaintí go raibh an Bord Ardú Céime comhdhéanta go míchuí – cuireadh gnéithe áirithe de shaol gairmiúil an Ghearánaigh san áireamh; cuireadh na cúiseanna leis an gcinneadh in iúl ocht mí tar éis an cinneadh sin a ghlacadh.

Níor roghnaíodh an Gearánach d’ardú céime agus rinne sé iarratas Sásaimh Éagóracha (SÉ) i ndáil le dhá fhoras gearáin. D’áitigh an Gearánach, ar an gcéad dul síos, gur cuireadh an Bord agallaimh le chéile go míchuí agus nach raibh baint ag aon bhall den Bhord le *“haonad ina raibh an folúntas”*, contrártha le hIonstraim Riaracháin Cuid 10 Alt 354 (b) (d) arna leasú ar an 2 Feabhra 2005. Ar an dara dul síos, d’áitigh an Gearánach gur aithníodh a fhad seirbhíse agus a chineál seirbhíse go mícheart agus nár breithníodh iad i gceart. Luaitear sa ghearán freisin go raibh sé do-ghlactha gur fhan an Gearánach ocht mí sula bhfuair sé cinneadh. Mar shásamh, lorg an Gearánach ardú céime agus ceartú Thuarascáil an Bhoird Agallaimh.

Mar ‘(earráidí) cló’ a cuireadh síos i dTuarascáil an Oifigh Mhíleata Imscrúdaithe (OMI) ar earráidí an Bhoird Agallaimh i ndáil le taithí agus le nádúr seirbhíse an Ghearánaigh agus i mo Thuarascáil Bhliantúil, d’iarr mé aighneachtaí breise i ndáil leis seo agus mé ag tabhairt réamhthuairime nach raibh mé sásta gur ‘(earráidí) cló’ amháin a bhí iontu.

Bhí mé den tuairim, agus na forálacha éagsúla á gcur san áireamh agam, ba chosúil nár tháinig ach ball amháin den Bhord Agallaimh ón *“Aonad/bhfoireann ina raibh an folúntas.”* D’iarr mé dearbhú ar chomhdhéanamh an Bhoird Agallaimh agus, go háirithe, ar cé acu a bhí nó nach raibh *“(Uachtarán ar an mBord) Ag céim an Cheannfoirt ar a laghad, ... ina oifigeach san aonad ina raibh an folúntas, nó, i gcás folúntais san fhoireann, ina Cheann Foirne Sinsearach/Oifigeach i bhFeighil, Rannóg Cheanncheathrú Óglaigh na hÉireann”* mar a cheanglaítear faoi Mhír 354.b. (2) d’Ionstraim Riaracháin Cuid 10.

D’iarr mé tuilleadh faisnéise agus soiléirithe maidir le foinse thorthaí an Oifigh Mhíleata Imscrúdaithe maidir leis na cúiseanna gur roghnaíodh an t-iarrthóir roghnaithe don fholúntas in ionad an Ghearánaigh. Ba í conclúid an Oifigh Mhíleata Imscrúdaithe gur réasúnach a bhí athrú Uachtarán an Bhoird agus nach ndearna na hearráidí cló difear do phróiseas cinnteoireachta agus do roghnúchán an Bhoird.

Fuair mé amach gur bhraith an Rialú Breithnithe ar léirmhíniú mícheart ar Ionstraim Riaracháin Cuid 10 Alt 354 (b)(3) maidir le comhdhéanamh an Bhoird Agallaimh. Fuarthas amach freisin, cé nach sásúil a bhí earráidí i ndáil le Tuarascáil an Bhoird Agallaimh agus leis an moill a bhí ar thabhairt thorthaí an Bhoird, ní raibh tionchar suntasach ag na tosca seo ar chinneadh an Bhoird. Moladh gur cheart Tuarascáil an Bhoird Agallaimh a cheartú, agus gur cheart an Gearánach a chur ar paráid agus an Tuarascáil cheartaithe a thaispeáint dó.

D’agóid an Gearánach in aghaidh an léirmhínithe ar Ionstraim Riaracháin Cuid 10 Mír 354 (b)(4) agus bhí imní air maidir le húsáid an téarma “earráidí cló”. Mar fhreagra, dúirt an Ceann Foirne gur míthreoraíodh é maidir leis an Treoir Riaracháin ach go raibh sé sásta go raibh an Bord Agallaimh go mór i gcomhréir le forálacha na Treorach Riaracháin agus, dá bhrí sin, gur cuireadh é le chéile go cuí.

Chinn mé gur féidir go raibh an cinneadh gan ardú céime a thabhairt don Ghearánach bunaithe ar fhaisnéis earráideach nó neamhiomlán agus fuair mé amach go raibh Sásamh Éagóracha an Ghearánaigh réasúnach agus go raibh foras ar fónamh leis, ag féachaint do na himthosca uile agus do nádúr an ghearáin.

D’áitigh an Gearánach nach raibh aon deis aige le haghaidh forbairt ghairme ná ardú céime gan a Aonad a fhágáil agus go raibh tionchar suntasach ag iarmhairtí a neamhroghnúcháin don fholúntas mar Cheathrúsháirsint Reisiminte (CSR), mar a fógraíodh é, ar a ghairm mar gheall air sin. Mar gheall ar an bhfad ama a chuaigh thart sular cuireadh na cinntí in iúl dó, agus ar an bhfíric go raibh sé ag gníomhú sa ról a ndearna sé iarratas air agus go rabhthas ag íoc leis as an ról seo, bhí sé doiligh dó a neamhcheapachán a réiteach de bharr na gcúiseanna a cuireadh in iúl dó, go háirithe go raibh taithí níos leithne agus níos mó ag an iarrthóir roghnaithe.

Rinne an Gearánach roinnt sainchúrsaí chun cáiliú don mhórán gnéithe agus dualgas de chuid Oifigeach Póilíní Airm. Sheachaid sé sainchúrsaí agus traenáil freisin agus, dá bhrí sin, bhí sé doiligh dó smaoineamh ar an Aonad seo, inar chuir sé an oiread sin ama agus seirbhíse isteach, a fhágáil chun ardú céime a fháil.

Is neamhiomlán agus neamh-chomhsheasmhach a bhí na freagraí a fuarthas ó Óglaigh na hÉireann ar mo Réamhthuarascáil.

Leag an tOifigeach Míleata Imscrúdaithe béim ar nádúr “leithleach” an cheapacháin ar leith seo chun comhdhéanamh an Bhoird Agallaimh a chosaint, rud a d’aithin go bunúsach go raibh sárú ar na forálacha ábhartha de na Rialacháin. Dá mbeadh an post chomh “leithleach” sin, ba cheart comhdhéanamh an Bhoird Agallaimh, mar aon le míniú ar cén fáth nach bhféadfaí na rialacha foirmiúla a shásamh, a bheith san áireamh san Ordú Comórtha.

Maidir leis na hearráidí a bhain le fad agus le nádúr seirbhíse an Ghearánaigh, chinn mé go raibh sé soiléir nár thaifead na cinnteoirí an fhaisnéis cheart.

Bhí an cinneadh a rinneadh i ndáil leis an nGearánach bunaithe ar fhairsinge, ar dhoimhneacht agus ar éagsúlacht a chuid taithí agus, dá bhrí sin, d’fhéadfadh an cur síos míchruinn ar an bpost a bhí aige difear ábhartha a dhéanamh do bhreithniú tosca ginearálta den sórt sin, agus rinne sé difear do bhreithniú tosca ginearálta den sórt sin.

Thug mé faoi deara nach liostaithe ar dtús a bhí ábhair áirithe atá liostaithe a bheith breithnithe sa chéad Tuarascáil a tharchuir an tOifigeach Míleata Imscrúdaithe, ach liostaíodh iad mar fhreagra ar mo réamhfhiosrúcháin. Ní raibh mé sásta glacadh leis na hathruithe ar bhonn an athbhreithnithe agus na conclúide idir an tOifigeach Míleata Imscrúdaithe agus m’iarratas ina dhiaidh sin ar fhaisnéis agus ar shoiléiriú.

Chinn mé go raibh easpa trédhearcachta maidir le feidhmiú na gcritéar um cheapachán maidir leis an bhfolúntas, agus go raibh easpa trédhearcachta agus comhsheasmhachta i gcomhdhéanamh cuí an Bhoird Agallaimh. Bhí na hearráidí maidir leis an nádúr agus leis an gcineál seirbhíse ina n-earráidí suntasacha mar gheall ar shinsearachta an ról, ar shinsearachta bhaill an Bhoird Agallaimh agus ar an bhfíric go raibh an Gearánach ag gníomhú sa ról ag am an Chomórtais agus go ndearna sé seirbhís 29 bliain sa Chomplacht Póilíní Airm, i gcodarsnacht leis an iarrthóir roghnaithe nach ndearna seirbhís in Aonad Póilíní Airm riamh.

Chinn mé gur chuir taifeadadh earráidí den sórt sin i dTuarascáil an Bhoird Agallaimh amhras i riarachán an phróisis chinnteoireachta. Rinneadh drochionadaíocht don Ghearánach sa mhéid nach ndearnadh iarracht aon idirghabháil thráthúil a dhéanamh chun an míchur síos atá i gceist a leigheas ag am nuair a d’fhéadfaí aon damáiste a sheachaint nó a mhaolú. Chuir mé san áireamh go raibh moill ocht mí sular cuireadh breithniú an Bhoird Agallaimh in iúl don Ghearánach.

Chuir mé an imní a bhí orm faoi fhíricí an cháis seo in iúl, go háirithe i gcomhthéacs an Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe Shinsearaigh a bhí ag gníomhú sa phost/ a bhíothas ag íoc leis as an bpost a ndearna sé iarratas air agus a cuireadh drochbhail air maidir le faisnéis faoina ghairm agus faoina fhad seirbhíse. In imthosca ina raibh imní faoi chaighdeán riaracháin an Bhoird Agallaimh agus faoin eolas cruinn atá aige ar cháilíochtaí na n-iarrthóirí, d’eascródh ceisteanna go réasúnta faoin bpróiseas cinnteoireachta per se. Tríd is tríd, fuair mé amach gur cuireadh amhras i bhfóntacht an chinnidh a rinneadh sa chás seo. Mhol mé gur gá le breathnú ar roinnt modhanna chun maolú a dhéanamh ar na héifeachtaí díobhálacha a bhí aige seo ar an nGearánach. Mhol mé go bhféadfaí deis a thairiscint don Ghearánach dul ar scor le sochar an phinsin a gheobhadh sé más rud é gur éirigh leis an bpost a fháil. Mhol mé é seo mar leigheas comhréireach sa chás seo.

Achoimre Cáis 3: Seasadh leis an nGearán

Comórtas Ardú Céime – Loiceadh taithí iarrthóra, cúrsaí comhlánaithe nó seirbhís thar lear an ghearánaigh a thaifeadadh – Brí na Seirbhíse Thar Lear – Loiceadh sonraí na comparáide arna déanamh ag an mBord Agallaimh Ardú Céime ar thaifid an iarrthóra a thaifeadadh – Loiceadh taifid chuí a choinneáil – Loiceadh nótaí agallaimh a choinneáil – Loiceadh nótaí a choinneáil maidir le fiosrúcháin arna ndéanamh ag an Oifigeach Fiosraithe Míleata.

Thug an cás roinnt saincheisteanna a chuir imní orm chun solais.

Rinne ball ar seirbhís d’Óglaigh na hÉireann an gearán, duine a d’áitigh go raibh an comórtas um ardú céime i leith folúntais ag leibhéal Sháirsint an Chomplachta lochtach. D’fhéadfaí na forais ar bunaíodh an gearán orthu a choimriú mar a leanas, níor thaifead an Bord Agallaimh Ardú Céime taithí an ghearánaigh, a Chúrsaí comhlánaithe agus a Sheirbhís Thar Lear go cruinn sa chéad dul amach; sa dara dul síos, bhí an próiseas agallaimh ró-ghairid agus níor thug sé deis imleor don Ghearánach a thaithí a phlé; sa tríú dul síos, dhírigh an Bord Agallaimh Ardú Céime go contráilte ar ghné amháin de scileanna an iarrthóra rathúil le linn dó a chinneadh a dhéanamh; sa cheathrú dul síos, ní raibh an t-iarrthóir rathúil ceangailte le Cór an Ghearánaigh; agus sa chúigiú dul síos, bhí moill neamhréasúnta sé mhí ann idir dáta an agallaimh agus an dáta ar ar cuireadh toradh an phróisis um ardú céime in iúl don Ghearánach.

Rialaigh an tOifigeach Fiosraithe Míleata, an tOifigeach Ginearálta i gCeannas agus an Ceann Foirne nár bhain don Ghearánach aon éagóir a raibh sásamh ag teastáil uaithi. Glacadh leis, áfach, nár thaifead Tuarascáil an Bhoird Agallaimh go cruinn taithí an Ghearánaigh agus na Cúrsaí a chuir sé i gcrích. Glacadh leis freisin go raibh saincheist ann i dtaobh cé acu arbh ionann seal dualgais sé seachtaine, nár bronnadh aon bhonn air dá bharr, agus Seal Thar Lear nó nárbh ionann chun críocha an ardaithe céime agus ba cheart don Bhord Agallaimh Ardú Céime treoir ar an tsaincheist seo a iarraidh ag an am sin. Tharchuir an Gearánach an cheist romham trí bhíthin achomhairc ó Rialú Breithnithe an Chinn Foirne nach ndearnadh éagóir dó.

I mo Thuarascáil ag an gcéim réamh-imscrúdaithe, d’aithin mé go raibh an doiciméadúchán a chuir Óglaigh na hÉireann chugam easnamhach sa dóigh is nár cuireadh san áireamh ann cóip den Ordú Comórtha, de Thuarascáil an Bhoird Agallaimh Ardú Céime, de na nótaí agallaimh arna nglacadh ag an mBord Agallaimh Ardú Céime, de na nótaí agallaimh arna nglacadh ag an Oifigeach Fiosraithe Míleata le linn chúrsa na n-agallamh a stiúir sé ina imscrúdú ar an ngearán don Oifigeach i gCeannas agus den chomhfhreagras idir an tOifigeach Fiosraithe Míleata agus an Rannóg Thar Lear um Bainistíocht an Phearsanra Liostáilte. Thug mé do m’aire freisin nár cuireadh san áireamh sa doicimeadúchán sonraí maidir leis an dóigh ar ligeadh Tuarascáil an Bhoird Agallaimh

Ardú Céime amú ag “údarás níos airde,” nó sonraí maidir leis an dóigh ar stiúir an Bord Agallaimh Ardú Céime Tuarascáil Eatramhach an Bhoird.

D’iarr mé sonraí ó Óglaigh na hÉireann maidir le céimeanna a glacadh chun áirithiú nach dtiocfadh earráidí a bhaineann le taifeadadh cuí ar thaithí na n-iarrthóirí i leith comórtais ardú céime chun cinn sa todhchaí. D’iarr mé freisin sonraí maidir leis na céimeanna arna nglacadh d’fhonn an baol go ligfí Tuarascálacha an Bhoird Agallaimh “ag údarás níos airde” amú sa todhchaí a laghdú.

Tar éis machnamh a dhéanamh ar an tuilleadh faisnéise arna cur isteach tar éis na céime réamh-imscrúdaithe, d’aimsigh mé nach soláthraíonn na hearráidí agus na teipeanna Riaracháin forais iomchuí dom moladh go gcuirfí cinneadh an Bhoird Ardú Céime ar ceal. D’aimsigh mé, áfach, gur cosnaíodh an Gearánach ina ghearán a chur isteach mar gur thug sé chun solais roinnt saincheisteanna agus cleachtas nós imeachta a ghlac Óglaigh na hÉireann leis a bhí i ngátar athbhreithnithe.

Thug mé do m’aire gur inis an Ceann Foirne dom, ina fhreagraí ar mo Réamhthhuarascáil, gur eisíodh A8 Riaracháin ‘A’ nua-leasaithe inar leagadh amach an beartas agus an nós imeachta a bheadh le cur chun feidhme i ndáil leis an gcoinneáil taifead san eagraíocht, maille le ceart na n-iarrthóirí féachaint ar a gcomhaid roimh agallamh. Mhaígh sé freisin gur ordaigh sé Stiúrthóir na Rannóige um Bainistíocht Acmhainní Daonna liosta misean thar lear a cháilíonn mar Sheirbhís Thar Lear a thiomsú chun críche agallamh roghnúcháin ardú céime. Chuir an Ceann Foirne in iúl dom freisin go raibh Comhaontú Ardú Céime na nOifigeach Neamhchoimisiúnaithe, a bheadh le síneadh isteach, socraithe le soiléireacht a sholáthar maidir leis an gcineál taithí a chuirfí san áireamh i gcomórtais sa todhchaí.

I mo Thuarascáil Deiridh, thug mé do m’aire gur chuir an cás seo chun suntais go bhfuil gá le soiléireacht agus le trédhearcacht i measúnú an Bhoird Agallaimh ar cháiliú agus ar fheidhmíocht an iarrthóra in aghaidh critéar le haghaidh an ardaithe céime i gceist.

Mhol mé gur cheart tabhairt faoi na saincheisteanna seo mar thosaíocht. Tá sé rithábhachtach go bhféadann cinntí a thagann as na Boird Ardú Céime bheith inchosanta ó thaobh oibiachtúlachta de agus d’aimsigh mé gur gá gach comparáid idir cáilíochtaí agus critéir na n-iarrthóirí iomchuí a thaifeadadh, d’fhonn braistintí claontachta agus míchothroime a sheachaint. Is saincheist í seo a ndearna mé tagairt di i mo bhreithnithe cásanna go minic.

Thug mé do m’aire freisin go raibh Óglaigh na hÉireann neamhábaltá míniú cén dóigh ar ligeadh Tuarascáil an Bhoird Agallaimh Ardú Céime amú “ag leibhéal níos airde.” B’amhlaidh seo mar gur theip orthu seasmhacht a bheith acu i ndáil le láimhseáil Thuarascáil Eatramhach an Bhoird.

Thug mé do m’aire freisin gur ardaigh mé an tsaincheist maidir le coinneáil na nótaí agallaimh roinnt uaireanta agus go bhfuil sé rithábhachtach i leith na feidhme maoirseachta agus an phróisis achomhairc go gcoinnítear nótaí ar agallaimh agus ar fhiosrúcháin arna ndéanamh ag an Oifigeach Fiosraithe Míleata le linn chúrsa an phróisis fiosraithe.

Ní bhfuarthas aon fhreagra ar mo bhreithniú go fóill ón Aire Cosanta.

Achoimre Cáis 4: Seasadh leis an nGearán

Moill ar ullmhú AF 451 – Chíor an Bord Agallaimh comhad pearsanta neamhchomhlánaithe – AF 451 ar iarraidh – Theip ar an Sásamh Éagóracha tabhairt faoi na saincheisteanna ar leag an Gearánach béim orthu sa Sásamh Éagóracha – Mír 304(4) “*Guidance Instructions on the Completion and Submission of the Performance Appraisal Report*” (“*Treoracha treorach maidir le Comhlánú agus Cur isteach na Tuarascála Measúnaithe Feidhmíochta*”).

Chuaigh an Gearánach i ngleic lena neamh-mholadh le haghaidh ardú céime sa Chomórtas Ceannfoirt go Leifteanantchoirnéal (Líne) 2007. Líomhain an Gearánach nár comhlánaíodh a AF 451 (Tuarascáil Mheasúnaithe Feidhmíochta) don bhliain 2006 roimh chíoradh ag Céim 1 den Chomórtas Ardú Céime, céim an ‘mheasúnaithe comhaid’, agus, dá bhrí sin, chíor an Bord comhad ardú céime neamhchomhlánaithe. Líomhain an Gearánach freisin gur mheas an Bord Agallaimh gur réamhriachtanas le haghaidh ardú céime é taithí i gCeanncheathrú Óglaigh na hÉireann.

Líomhain an Gearánach gur theip ar an nós imeachta um Shásamh Éagóracha tabhairt faoi shaincheisteanna ar leag an Gearánach béim orthu le linn an phróisis sin. Bronnadh grádú thar barr ar an nGearánach ina AF 451 don bhliain 2005 mar gheall ar a Sheirbhís Thar Lear sa Chósta Eabhair. Ós rud é gur léiríodh feabhas iontach ina thorthaí i gComórtas Ardú Céime 2006, thug sé faoi Chomórtas 2007 le muinín. Ar an 1 Samhain 2007, cuireadh ó Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann go Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann AF 451 neamhchomhlánaithe don bhliain 2006, nár cuireadh Insint Chuid 3 san áireamh ann, an grádú thar barr agus síniú an Oifigigh Thuairiscithe Uachtaraigh. Ar an 21 Samhain 2007, chuir Stiúrthóir na Rannóige um Bainistíocht Acmhainní Daonna, an tOifigeach i gCeannas, Oifig Bainistíochta na nOifigeach Coimisiúnaithe, Rúnaí an Bhoird Agallaimh, go feasach, comhad neamhchomhlánaithe an Ghearánaigh faoi bhráid an Bhoird Agallaimh le haghaidh breithnithe, contrártha le Rialacháin Óglaigh na hÉireann. Ghlac Uachtarán an Bhoird Agallaimh an comhad neamhchomhlánaithe agus lig sé a bhreithniú agus a mharcáil.

Mhaígh Óglaigh na hÉireann gur fhill an Gearánach ó Sheirbhís Thar Lear ar an 26 Samhain 2007. Chuaigh an Gearánach i ngleic leis an gcur chuige arna ghlacadh ag Óglaigh na hÉireann le linn dóibh a iarratas um Shásamh Éagóracha a phróiseáil. Níor chuir an tOifigeach Fiosraithe Míleata Oifigeach Tuairiscithe Uachtarach an Ghearánaigh faoi agallamh, d’fhonn fáil amach ar shínigh sé AF 451 an Ghearánaigh nó nár shínigh. Leag an Gearánach béim ar loiceadh Óglaigh na hÉireann tabhairt faoina cheisteanna maidir le hoscailteacht, cothroime nó trédhearcacht an phróisis um Shásamh Éagóracha nó iad a fhreagairt. Leag sé béim ar ghlacadh dealraitheach na fianaise béil neamhchruthaithe d’fhonn aimsiú cé acu ar riaradh a AF 451 go cuí nó nár riaradh. Luadh freisin gur aimsíodh go raibh AF 451 an Ghearánaigh don bhliain 2006 ar iarraidh as a chomhad i mí Aibreáin 2008.

Dúirt Óglaigh na hÉireann gurbh fhíor-annamh a ligeadh AF 451 amú mar nach féidir Comhaid Phearsanta na nOifigeach a bhaint as limistéar stórála daingean gan cead sainráite Oifigeach i gCeannas Oifig Bainistíochta na nOifigeach Coimisiúnaithe. Ar mhodh sásaimh, d’iarr an Gearánach athmheasúnú a chomhaid ardaithe céime chomhlánaithe ag Bord Agallaimh ath-chomórtha.

Dúirt an Ceann Foirne gur breithníodh comhad an Ghearánaigh agus gur tugadh marc measúnaithe tosaigh dó le linn tréimhse athbhreithnithe an chomhaid ar cuireadh tús léi ar an 21 Samhain 2007. Níor tugadh aon dáta cruinn do scóráil Chéim 1 “Measúnú Comhaid”. Dúradh go raibh AF 451 an Ghearánaigh don bhliain 2006 i láthair ar an gcomhad ag an gcéim seo ach nach raibh sé sínithe ag an Oifigeach Tuairiscithe Sinsearach. Mhaígh an Ceann Foirne, ós rud é go raibh a shíniú ar iarraidh, gur tugadh réamh-mharc don chomhad agus leithlisigh an tUachtarán é. Dúradh go bhfuair Rúnaí an Bhoird an AF 451 sínithe ó Oifig an Leas-Cheann Foirne (Sp) ar an 3 Nollaig agus gur chuir sé ar ais ar fho-chomhad an agallaimh. Chomhairligh sé a fhoireann gur chíor gach ball den Bhord an comhad an athuair agus gur tugadh marc deiridh dó roimh agallamh an Ghearánaigh. Thug mé do m’aire freisin nach raibh aon taifead ná aon chruthúnas de na cruinnithe agus na gníomhartha seo. Ní raibh aon nóta scríofa ann maidir le bogadh an chomhaid idir an 31 Deireadh Fómhair 2007/an 4 Samhain 2007, agus an 20 Nollaig 2007.

Rinne an tOifigeach Tuairiscithe nuacheaptha agallamh measúnaithe feidhmíochta leis an nGearánach agus thaifead sé grádú thar barr don Ghearánach ina AF 451 don bhliain 2006 ar an 28 Samhain 2007. Is cosúil, áfach, go ndearnadh é seo tar éis “Measúnú Comhaid” chomhad an Ghearánaigh. Bhí iarrachtaí an Oifigigh Thuairiscithe nua ar fhorhuiniú an iar-Oifigigh Thuairiscithe maidir le AF 451 an Ghearánaigh don bhliain 2006 a fháil roinnt uaireanta idir Eanáir/Feabhra 2007 agus Bealtaine 2007 gan tairbhe.

Éilíonn Mír 304(a) de na “*Guidance Instructions on the Completion and Submission of the Performance Appraisal Report*” (“*Treoracha treorach maidir le Comhlánú agus Cur isteach na Tuarascála Measúnaithe Feidhmíochta*”) comhlánú Chuid 1-3 AF 451 roimh an 14 Feabhra sa bhliain tar éis na bliana lena mbaineann sé. Níor cloíodh leis seo sa chás seo, mar gheall ar ardú céime an Oifigigh Thuairiscithe go ról nua, rud ina raibh méid áirithe Seirbhíse Thar Lear i gceist. D’aimsigh mé gur chuir sé seo amhras ar chloí cuí leis an Treoir agus go leagann sé béim ar loiceadh córasach AF 451 an Ghearánaigh don bhliain 2006 a chomhlánú. D’aimsigh mé gur imir an mhoill ar AF 451 don bhliain 2006 a chur ar fáil don Bhord drochthionchar ar an nGearánach. Léirigh an modh inar láimhseáladh gearán an Ghearánaigh tríd an bpróiseas um Shásamh Éagóracha easpa airde chuí ar an trédhearcacht agus ar an bhfreagracht riachtanach maidir le próiseas an agallaimh ardaithe céime agus gur imir sé go drochthionchar ar an nGearánach. D’aimsigh mé gur chruthaigh clistí sna próisis riaracháin agus an easpa taifead riachtanach chun an próiseas feidhmithe a chruthú amhrais faoin modh ar caitheadh leis an nGearán.

Cé gur ghlac an tAire leis go raibh easnaimh ó AF 451 an Ghearánaigh, níor ghlac sé le mo mholadh. Iarradh ar an gCeann Foirne míniú don Ghearánach agus leithscéal a ghabháil leis i ndáil leis an moill ar chomhlánú an AF 451. Ba cheart sochair an amhrais sin, a bhí substaintiúil, a thabhairt don Ghearánach.

Achoimre Cáis 5: Seasadh leis an nGearán

Comórtas Ardú Céime – Trédhearcacht critéar cáilithe – Nósanna Imeachta Cothroma – Sinsearach – Dlínse Am-teoranta.

Ba é seo ceann amháin de roinnt gearán a tháinig aníos as riarachán an chomórtais chéanna. Tháinig dhá fholúntas d’arduithe Céime Oifigeach Tionscadail Speisialta/Soláthair chun cinn agus duine amháin d’ochtair iarrthóirí ba ea an Gearánach. Chuaigh an Gearánach i ngleic le toradh an chomórtais, comórtas inar rangáíodh é sa chúigiú háit ó thaobh tosaíochta de. Bhí an fhíric ann ar lár an Ghearáin seo go raibh duine de na hiarrthóirí rathúla neamhcháilithe de réir téarmaí an chomórtais mar nár chomhlíon sé postú bliana riachtanach mar shealbhóir cuntais. Mhaígh an Gearánach gurbh é fhírinne an scéil go raibh an t-iarrthóir rathúil ina ‘ionadaí’ dá chuid ar feadh bliana agus go raibh an ról ábhartha aigesean, ach níorbh eisean an Sealbhóir Cuntais.

Tháinig na himthosca ba shiocair leis an ngearán seo chun cinn nuair a cumascadh dhá shruth pearsanra isteach i mbrainse amháin i 2000 nó mar sin. Mhaígh an Gearánach, áfach, gur ardaigh roghnú do na poist neamhshealbhaithe sinsearach agus taithe ghinearálta go neamhchuí thar thaithí loighistiúil, rud a bhí ní b’oiriúnaí don ról, ar seisean.

Bhí orm tabhairt faoi shaincheist dlínse: tarchuireadh an gearán chugam beagnach bliain is trí mhí tar éis eisiúint chinneadh an bhoird agallaimh. Tá mé coiscthe faoi alt 6(3) den Acht le gearán a fhiosrú tar éis 12 mhí ón ngníomh iomardaithe, nó ón dáta ar ar éirigh an Gearánach eolach ar an ngníomh seo den chéad uair. Sa chás seo, chuir an Gearánach moill ar a Ghearán a tharchur chugam, ar feitheamh toradh an phróisis um Shásamh Éagóracha, rud a ghlac lasmuigh de na teorainneacha ama cuí é. Sa chás seo, áfach, scríobh m’Oifig chuig Óglaigh na hÉireann de réir mar a bhí teorainneacha ama ar tí a bheith ann agus d’iarr sí an scoithphointe in aicearracht a chur in iúl don Ghearánach. Theip ar Óglaigh na hÉireann an fhaisnéis seo a tharchur. Ní dheachaigh Óglaigh na hÉireann i gcoinne mo dhlínse dul ar aghaidh agus an gearán a chíoradh.

Ghlac mé gur chomhlíon an Gearánach na critéir agus na riachtanais go léir le haghaidh an chomórtais. Ba é a thuairimse nár cháiligh duine de na hiarrthóirí rathúla.

I mo Réamhthuarascáil, thug mé do m’aire go raibh débhríochas ann maidir leis an gcineál taithí a bhí ag teastáil. Léiríodh an leibhéal míthuisceana sna tuairimí éagsúla arna léiriú ag an nGearánach, ag an Oifigeach Fiosraithe Míleata agus ag an gCeann Foirne. Chonacthas dom ar réamhthuairim go raibh an próiseas um ardú céime contrártha le cleachtas inmhianaithe riaracháin. Ní raibh modheolaíocht an chomórtais trédhearcach ná inchosanta ó thaobh oibíochtúlachta de. D’aimsigh mé nach ndearna Tuarascáil an Bhoird Agallaimh tagairt do cheann ar bith de na “cáilíochtaí breise” a bhí á lorg san Ordú Comórtha i ndáil le haon duine de na hiarrthóirí.

San iomlán, ba chosúil gur fheidhmigh sinsearach mar thoisc chinntitheach, contrártha leis na Treoracha Riaracháin a shonraíonn nach mbeadh tionchar aige seo ach i gcás ina mbeadh na critéir eile cothrom idir iarrthóirí. D’aimsigh mé nach raibh feidhm chuí ag na Treoracha Riaracháin a bhain leis an gcomórtas i réim.

Ag an gcéim réamhchéime i mo thuarascáil, mhol mé gur réiteach oiriúnach agus cionmhar ba ea athreachtáil an chomórtais. Shonraigh an Ceann Foirne nach bhféadfaí an comórtas céanna a athreachtáil ós rud é gur tugadh ardú céime do dhuine de na hiarrthóirí rathúla agus gur scoir iarrthóir eile ó shin i leith. Cé nár ghlac sé leis go ndearnadh éagóir d’aon duine de na baill, léirigh an Ceann Foirne toilteanas comórtas a reachtáil d’fhonn dhá fholúntas chosúla a líonadh mar thosaíocht a luaithe is a bhí an Comhaontú Ardú Céime nua i bhfeidhm.

Mheas mé gur réiteach cothrom oiriúnach é seo. D’aimsigh mé freisin, áfach, gur chaill an Gearánach (agus daoine eile a bhí san áit céanna is a bhí sé) trí bliana sinsearachta a d’fhéadfadh sé a fháil ar dhóigh eile ó tharla nár tugadh ardú céime dó sa chomórtas a bhí á chíoradh. Le linn dom moladh gur cheart roinnt creidiúna a thabhairt i leith na toisce sin, thug mé aird ar an méid substaintiúil ama a chaill an Gearánach agus é ag coinneáil leis an Sásamh Éagóracha seo nuair a bhí sé soiléir go raibh míriaracháin nós imeachta ann.

Achoimre Cáis 6: Seasadh leis an nGearán

Ardú Céime – Easpa Maitrís Mharcála – Neamhchumas measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar chinneadh – saincheisteanna i ndáil le ceart an iarrthóra freagairt ar údar tuarascálacha measúnaithe dhíobhálaigh – Athbhreithniú ar Nósanna Imeachta AF 667 – Láithreach an Oifigigh Thuairiscithe ar an mBord Agallaimh.

Bhí dhá ghné ag gabháil leis an ngearán seo. Sa chéad dul amach, chuathas i ngleic le haimsiú Bord Agallaimh go raibh níos mó taithí oiriúnach ag an iarrthóir rathúil ná ag an nGearánach don phost mar Thiománaí Iompar Airm Sáirsint Complachta (Grúpa Teic. 1). Sa dara dul síos, níor tugadh faoi easaontú an Ghearánaigh le haimsiú Oifigeach Thuairiscithe ina chuid AF 667 mar gheall ar fhabht nós imeachta. Dá éis sin, cuireadh an tOifigeach Thuairiscithe seo (a mheas an Gearánach gur ghníomhartha idirdhealaitheacha iad a chuid gníomhartha) ar an mBord Agallaimh don phost a bhaineann leis an gcéad ghéag den ghearán seo.

Gné den ghearán seo ba ea moill mhíchuí. D’iarr an Gearánach an tsaincheist a tharchur chugam mura réiteofaí an Sásamh Éagóracha ina fhabhar faoin 28 Samhain 2007, ba é sin bliain tar éis chinneadh an Bhoird Agallaimh. Sa chás seo, eisíodh Rialú Breithnithe an Chinn Foirne ar an 13 Nollaig 2007. Dheimhnigh an Gearánach gur iarr sé mo mhaoirseacht. Bhí an mhoill seo neamhshásúil. Tar éis dom mo Thuarascáil ag an gcéim réamh-imscrúdaithe a eisiúint le hiarratais ar Óglaigh na hÉireann ar mhaithe le soiléiriú agus le tuilleadh faisnéise, áfach, fuair mé gur tearc na freagraí a fuair mé. Mar gheall air seo, ba ghá tuilleadh iarratas le haghaidh soiléirithe, rud a bhí ina chúis le moill mhór. Níor mhinic a chonaic mé easpa aire do mhionphointí den chineál sin maidir le faisnéis a sholáthar dom. Bhí sé mar chroí den ghearán i ndáil leis an gcomórtas le haghaidh ardú céime gur mheas an Bord Agallaimh go raibh taithí an iarrthóra rathúil ní b’oiriúnaí ná taithí an Ghearánaigh maidir leis an bpost mar Thiománaí Iompar Airm Sáirsint Complachta (Grúpa Teic 1).

Glacadh leis gur chomhlíon an bheirt iarrthóirí na critéir riachtanacha agus inmhianaithe don phost. Bhí orm míniú i mórán cásanna nach ionann mo ról agus cinneadh an Bhoird Agallaimh a shárú, i gcás inar bunaíodh an Bord Agallaimh go cuí agus ina ndearna sé machnamh ar gach taifead ábhartha agus cruinn. Mhol mé arís is arís eile gur cheart an córas marcála, arna bheartú ag an nGrúpa Stiúrtha um Chomhionannas (2004), a chur chun feidhme.

Thug mé do m’aire i mo Réamhthuarascáil gur chuir an Gearánach i gcrích gach cúrsa a bhaineann le hiompar agus ní dúradh ag am ar bith nach raibh an Gearánach chomh cumasach is a bhí an t-iarrthóir rathúil. Theip ar na freagraí ó Óglaigh na hÉireann tabhairt faoin dóigh a raibh taithí an iarrthóra rathúil ní b’oiriúnaí don phost fógartha agus níor sholáthair siad in aon chor míniú a bhféadfaí measúnú oibiachtúil a dhéanamh air.

I ndáil lena AF 667 amhail an 14 Meitheamh 2006, chuaigh an Gearánach i ngleic le measúnuithe seacht gcritéar déag faoi Chuid 3, Cáilíochtaí agus Tréithe. Bhí earráid admhaithe ann maidir le loiceadh easaontú taifeadta an Ghearánaigh leis na gráduithe ar an AF 667 seo a chur san áireamh nó maidir le loiceadh an Gearánach a chur ar paráid nuair a chinn an tOifigeach i gCeannas glacadh le measúnú an Oifigigh Thuairiscithe, mar a éilíonn Cuid 7 den AF 667.

Ba é ab ábhar cúraim don Ghearánach gur imir difríocht phearsanta tionchar ar mheasúnú an Oifigigh Thuairiscithe, ach ní bhfuair an Ceann Foirne aon rud sa mhodh a comhlánaíodh an Tuarascáil a thabharfadh leithcheal nó neamhréasúntacht le tuiscint. D'aimsigh mé, áfach, go raibh loiceadh ann deis a thabhairt don Ghearánach an tsaincheist i ndáil leis an Tuarascáil a phlé agus a réiteach roimh an agallamh ardú céime ag a mbeadh sí ar fáil le cur in iúl. D'aimsigh mé freisin go raibh imní dhlisteanach air gur íosghrádaíodh é go neamhréasúnta leis an Tuarascáil agus gur imríodh drochthionchar air mar nach raibh sé ábalta agóid a dhéanamh ina haghaidh.

Éilíonn na Treoracha Riaracháin maidir le Tiomsú AF 667 (arna n-eisiúint i mí Iúil 1995) gur cheart measúnuithe Oifigeach Tuairiscithe a réiteach trí phróiseas ar leith. Thug mé do m'aire nach ndearna ach Oifigeach Tuairiscithe amháin measúnú ar an nGearánach. Tháinig mo Réamhthuarascáil ar an gconclúid go mbeadh an painéal sin láidir ó thaobh riaracháin de agus gurbh ionann a easnamh agus fabht mór. Mar fhreagairt air seo, sholáthair Óglaigh na hÉireann Iarscríbhinn C a ghabhann le hIonstraim Riaracháin 1/96, rud is dealraitheach a mhaíomh nach ndáiltear ach Oifigeach Tuairiscithe amháin do gach fo-aonad, agus i gcás ina luaitear Oifigigh Thuairiscithe san uimhir iolra, tagraíonn sé dóibh siúd i ngach rannóg. Is cosúil go n-áirithíonn an próiseas réitigh atá mar choinníoll comhsheasmhacht idir na marcanna arna dtabhairt ag Oifigigh Thuairiscithe faoi rannáin éagsúla chun teacht leis an ngrád feidhmíochta foriomlán arna thabhairt sa deireadh.

D'aimsigh mé go raibh an córas seo míshásúil agus mhol mé go mbainfeadh sé tairbhe as athbhreithniú agus athchóiriú. Chuaigh an Gearánach i ngleic le láithreacht an Oifigigh Thuairiscithe, a ndearna sé agóid in aghaidh a mheasúnaithe, ar an mBord Agallaimh freisin. Luaigh an Ginearálóifigeach i gCeannas go n-éilíonn mír 354b de Threoir Riaracháin do bhall den Bhord Agallaimh bheith ina bhall den aonad ina bhfuil an folúntas, agus chomhlíon an tOifigeach Tuairiscithe an riachtanas seo. Bhí loiceadh ann tabhairt faoi mo cheist ar cé acu arbh fhéidir ball eile den aonad a cheapadh don Bhord Agallaimh nó nárbh fhéidir. Mhol mé gur cheart tabhairt faoin gceist seo.

D'aimsigh mé gur cheart seasamh leis an ngearán sa dóigh is go raibh súil réasúnta ann go ndéanfaí nósanna imeachta comórtais maidir leis an gceapadh Tiománaí Iompair Airm Sáirsint Complachta (Grúpa Teic 1) a riar ar bhealach nach bhfágfadh

aon amhras faoi chothroime an roghnaithe. Bhí an próiseas roghnúcháin faoi bhun caighdeán inmhianaithe cothroime, agus, mar thoradh air seo, imríodh drochthionchar ar an nGearánach. Le linn dom béim a leagan air gur gá nach bhforléirítear m'aimsíú ar bhealach ar bith chun seasamh an iarrthóra rathúil a léiriú, d'aimsigh mé go raibh míriarachán ann ag an mBord Agallaimh. Ba é m'aimsíú, ar bhonn na dóchúlachta, go bhféadfaí go mbeadh torthaí an phróisis difriúil murar sáraíodh nósanna imeachta cothroma, agus mhol mé gurbh é an sásamh iomchuí go dtabharfaí ardú céime don Ghearánach ar bhonn 'pearsanta go sealbhóir'.

Mar fhreagra, níor chomhaontaigh an tAire gur cheart, mar gheall ar na himthosca, ardú céime a thabhairt don Ghearánach ar bhonn pearsanta go sealbhóir. Ghlac sé go mbeadh leithscéal le tabhairt don Ghearánach ag an Oifigeach i gCeannas a chuir a ainm leis an AF 667 iomardaithe gan an deis a thabhairt don Ghearánach ráiteas a thabhairt.

Thug an tAire dá aire mo mholtaí maidir le scéim mharcála nó mairtís mharcála, agus, cé gur shonraigh sé nach raibh aon riachtanais ina leith seo faoi na rialacháin atá i réim, chomhairligh sé go raibh féidearthacht na scéime sin á plé san idirbheartaíocht leis an gCumann Ionadaíochta maidir le scéim nua ardú céime le haghaidh pearsanra liostáilte. I ndáil leis na hábhair is cúram dom agus le mo mholadh faoi thiomsú AF 667anna arna mholadh ag Oifigeach Tuairiscithe / Oifigigh Thuairiscithe, thiomnaigh an tAire go n-iarrfadh sé ar an gCeann Foirne athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas ar mhaithe le socrú soiléir a bhaint amach.

Achoimre Cáis 7: Seasadh leis an nGearán

Enlisted personnel - Specialist training and qualifications – Expectation of use of skills and training – Timely career guidance – Dignity in the workplace – Proper use of professional skills and training.

Ghnóthaigh Saighdiúir liostáilte céim onóracha den chéad ghrád in innealtóireacht leictreonaice, tar éis dó bheith roghnaithe le haghaidh rannpháirtíochta sa chúrsa ag Óglaigh na hÉireann. D'áitigh sé nár baineadh feidhm as na scileanna a fuair sé ar an gclár ceithre bliana. Chreid an Gearánach go ndeachaigh i bhfeidhm air go diúltach agus gur laghdaíodh an féinmheas a bhí air.

Thionscain an Gearánach Sásamh Éagóracha i mí Eanáir 2008. Rinne sé gearán faoin easpa oibre cuí agus deiseanna cuí dul chun cinn gairme. Rialaigh an Ceann Foirne nach ndearnadh éagóir don Ghearánach, de bhun alt 144 den Acht Cosanta, 1954. Chuaigh an Gearánach i ngleic leis an aimsíú seo. Shonraigh sé ina litir tharchuir chugam gur mhí-úsáid acmhainní poiblí í a neamhúsáid ar bhealach i gcomhréir leis an

traenáil a fuair sé mar bhall d’Óglaigh na hÉireann agus rinne sí seo dochar suntasach dó. D’achomharc an Gearánach an tsaincheist chugam ar an mbonn idirdhealú míchuí líomhnaithe agus easnamh a bhí contrártha le riarachán cothrom iontaofa. Ba le rath iontach a chuir an Gearánach a chéim in innealtóireacht leictreonaice i gcrích, ós rud é gur ghnóthaigh sé onóracha den chéad ghrád. Filleadh ar ais é chuig a phost roimhe sin sa Chór Ordanáis agus níor fostaíodh é mar innealtóir.

Ba é cás an Ghearánaigh go raibh sé de dhualgas ar Óglaigh na hÉireann obair agus deis chuí a chur ar fáil dó chun úsáid a bhaint as a shaincileanna agus a shaineolas. Saincheist lárnach ba ea cé acu an raibh ionchas dlisteanach ag an nGearánach go mbainfí úsáid as a thraenáil nó nach raibh. Pléadh i dtéarmaí srianta an t-ionchas maidir le coimisiúnú agus fostú an Ghearánaigh mar innealtóir nach bhféadfaí a rá bheith ina gcúis le hionchas dlisteanach. D’áitigh an Gearánach freisin, áfach, go raibh an cás i leith cúrsa a mhaoiniú d’innealtóirí leictreonaice bunaithe ar fholúntais oiriúnacha Óifigigh a bheith ar fáil ag tréimhse chríochnaithe an chúrsa. Dúirt Óglaigh na hÉireann go raibh an réasúnaíocht don chúrsa ní ba leithne, agus go raibh sé beartaithe go gcuirfí ar a chumas dúshlán bhreise a bheith ann tar éis fáil Óglaigh na hÉireann fearas leictreonaice nua-aimseartha a chomhlíonadh.

Níos leithne fós, áfach, d’áitigh an Gearánach gur chontrártha do riarachán cothrom inmhiannaithe é a thraenáil i sainréimse gan úsáid a bhaint as na scileanna faighte ina dhiaidh sin. D’ardaigh sé seo saincheisteanna casta maidir le húsáid chuí acmhainní daonna, ábhar ar eisigh an Grúpa Neamhspleách Faireacháin moltaí ina leith d’fhonn dínit san ionad oibre a áirithiú. De shárú ar a dhínit, chreid an Gearánach go raibh sé ina cheap magaidh i measc a fhear comhchéime ar an mbonn gur chaith sé tréimhse fhada ag déanamh staidéir gan aon tairbhe agus, in áit baint ní ba mhó a bheith aige le tascanna teicniúla, bogadh ní b’fhaide uathu é. Shonraigh sé go háirithe go raibh baint aige le gnáth-thascanna le linn dó bheith ar fiannas ar an gCurrach, cé go ndearna a cháilíochtaí agus a shaintraenáil ag leibhéal na céime oiriúnach go háirithe é do Cheardlann na Róbat. Cé go raibh tionscadal leanúnach ar siúl sa cheardlann ina raibh ábhar a ndearna an Gearánach staidéar air mar chuid dá chéim, níor baineadh úsáid as a shaincil. Níos faide fós, mhaígh an Gearánach, nuair a dúradh leis cur isteach ar aistriú go Campa an Churraigh, go ndearna sé amhlaidh mar gheall ar an dearbhú go mbeadh sé ar leas a dhul chun cinn gairme mar innealtóir, cé gur ardaigh sé an t-ábhar is cúram dó go mbainfí a mhalairt d’éifeacht amach.

Dúirt an Gearánach gurbh é a bhí ina phríomhthasc ceallraí a athrú nó tascanna láimhe eile, cé gur maisíodh a aistriú chuig an gCurrach go rabhthas ag baint úsáide as a scileanna.

Le linn dom réamhthuaisrim ar an tsaincheist seo a chruthú, thug mé do m’aire gur thaobhaigh Tuarascáil an Ghrúpa Neamhspleách Faireacháin don bhliain 2004 le

cothromaíocht chuí idir beartais acmhainní daonna agus na nósanna imeachta maidir le húsáid chuí a bhaint as cumas agus dínit an phearsanra a dhaingniú. Ba é mo réamhthuaisrim gur chosúil nár baineadh an cuspóir sin amach.

D’áitigh Óglaigh na hÉireann go raibh sna Ceardlanna Bunáite Ordanáis, ar an gCurrach, áit an tsaintrealaimh theicniúil agus b’ionann é agus an láthair ab fhearr chun úsáid a bhaint as a chuid scileanna. Thaispeáin an Stiúrthóir Ordanáis cuireadh a tugadh don Ghearánach dul isteach i bhfoireann saineolaithe ildisciplíneach tionscadail i réimse na diúscartha ordanáis phléascaigh. Thug mé do m’aire gur shonraigh taisceadh an Stiúrthóra Ordanáis deiseanna ginearálta laistigh de na Ceardlanna Bunáite Ordanáis. Theip air, áfach, na saintascanna arna sannadh don Ghearánach a chur san áireamh ná trácht ar shaintréith theicniúil na dtascanna sin. Dá dheasca sin, níor thug taisceadh an Stiúrthóra Ordanáis faoi mo cheist maidir leis an difear idir ról an Ghearánaigh agus ról teicneora. I gcomparáid leis seo, thug an Gearánach saineolacht níos mó, rud a sholáthair tromachar fianaise níos mó. D’iarr mé faisnéis bhreise, áfach, maidir le togra Óglaigh na hÉireann an Gearánach a fhostú ar fhoireann saineolaithe ildisciplíneach tionscadail, ag iarraidh fáil amach cén uair a rinneadh an tairiscint (mar gur áitigh an Ceann Foirne gur sháraigh fillleadh an Ghearánaigh ar an saol sibhialtach rannpháirtíocht). Níor nocht Óglaigh na hÉireann aon sonra breise ina leith seo.

Níor táirgeadh aon rud sna haighneachtaí chuig mo Réamhthuarascáil a d’athródh mo réamhaimsiú nár bainistíodh ábaltacht ghairmiúil agus cumas gairmiúil an Ghearánaigh mar ba cheart agus gur réasúnta a éileamh go ndeachthas i bhfeidhm go diúltach air sna himthosca. Thar rud ar bith eile, níor comhairlíodh an Gearánach mar ba cheart maidir leis an bhfáth nach n-úsáidfí é mar ba mhian leis, ná nach ndeachaigh ar paráid é chun athbhreithniú a dhéanamh ar a chuid roghanna le linn próiseas fada um Shásamh Éagóracha. D’aimsigh mé gur imir an míriarachán seo drochthionchar ar ghairm an Ghearánaigh agus nár tugadh aird chuí ar a dhínit ar obair.

D’aimsigh mé gur iompair an Gearánach é féin ar bhealach cuí, trí threoir iomchuí a iarraidh ón Stiúrthóir Ordanáis i mí Eanáir 2008. Chuir mé an t-ábhar ba chúram dom in iúl nár tugadh agallamh dó go dtí naoi mí tar éis an iarratais. Chuir an mhoill le braistint fáis an Ghearánaigh nach mbainfí feidhm as a chuid scileanna in Óglaigh na hÉireann agus nach raibh an dara rogha aige ach an eagraíocht a fhágáil chun obair chuí a fháil. Bhí moilleanna cosúla i bhfreagraí an tSásaimh Éagóracha agus Óglaigh na hÉireann ar m’fhiosrúcháin. Cé nach bhfuil aon fhianaise ann go ndearnadh iarracht ar éagóir a dhéanamh don Ghearánach d’aon turas, d’aimsigh mé go ndearnadh neamhaird mhíchúramach ar chumarsáid agus nósanna imeachta riaracháin iomchuí an-dochar agus go raibh caillteanas suntasach d’Óglaigh na hÉireann ann mar thoradh uirthi.

Cé nár bunaíodh aon ionchas dlisteanach ina leith seo, d’aimsigh mé go bhféadfadh an Gearánach ionchas réasúnta a bheith aige go mbainistíodh Óglaigh na hÉireann a

fhorbairt ghairme agus, ós rud é gur chaith sé ceithre bliana ar cháilíocht a ghnóthú, go mbainfí úsáid chuí as mar acmhainn. Feidhmíonn an loiceadh úsáid a bhaint as a chuid scileanna mar ba cheart in aghaidh riarachán éifeachtach acmhainní daonna agus in aghaidh mholtaí an Ghrúpa Neamhspleách Faireacháin.

Téama bunúsach sa Ghearán seo ba ea idirdhealú idir deiseanna le haghaidh pearsanra Coimisiúnaithe agus Liostáilte. Is cosúil go ndearna sé seo leithcheal ar bhaill Liostáilte i ndáil le forbairt ghairme. Thacaigh an fhaisnéis a chuir Óglaigh na hÉireann chugam le háitiú an Ghearánaigh nach raibh pearsanra liostáilte incháilithe le haghaidh iontógálacha iontrála díri innealtóirí iarchéime le déanaí nó iontógálacha innealtóirí iarchéime ó chomórtais a bhí teoranta d’Oifigigh Liostáilte. Thug an Stiúrthóir Ordanáis dá aire gur chruthaigh sé seo cúinse inar theip ar Oifigigh Liostáilte rochtain a fháil ar na comórtais seo, rud a d’fhéadfadh bheith ina chúinse a mbainfeadh leas as athbhreithniú. Mhaígh an Ceann Foirne go bhféadfaí go soláthródh Coimisiúnú tiomnaithe ón gcomórtas Gráduithe socrú oiriúnach chun tabhairt faoin tsaincheist seo.

Is cuid suntais áirithe den chás seo gur leag an tAire béim ar dhea-athrú maidir le baill Liostáilte sa todhchaí, le linn dó an moladh a ghlacadh gur chuir neamhúsáid na gcáilíochtaí a shaothraigh sé le dua brón ar an nGearánach. Chuir na húdaráis mhíleata comhairle ar fáil don Aire gur cuireadh socrúcháin nua i bhfeidhm maidir le ceapacháin oifigeach teicniúil nó sainoifigeach i gCór Seirbhíse ar aon dul le moltaí an Ghrúpa Neamhspleách Faireacháin. Is é toradh an bhirt seo go n-iarrfar léirithe spéise ó phearsanra Liostáilte atá cáilithe go hoiriúnach i gcás nach bhfuil aon oifigeach atá cáilithe go hoiriúnach ann chun folúntas teicniúil a líonadh. Chuir an tAire in iúl a dhóchas go soláthródh sé seo deiseanna feabhsaithe gairme ní b’fhearr do phearsanra Liostáilte a ghnóthaíonn cáilíochtaí ábhartha sa todhchaí.

Achoimre Cáis 8: Seasadh leis an nGearán

Na hÓglaigh Chúltaca – Loiceadh riachtanais traenála a chomhlíonadh – Cuireadh ar an liosta ‘neamhéifeachtach’ í – Imréiteach slándála ag teastáil chun a bheith aischurtha ar an liosta éifeachtach – Níor tugadh cead di freastal ar thraenáil le linn an phróisis um imréiteach slándála agus, dá bhrí sin, níor tugadh an deis di traenáil bhreise riachtanach a chur i gcrích – Gortú oibre – níor cuireadh roghanna in iúl di – Cuireadh ar an liosta neamhéifeachtach í an athuair – Diúltaíodh í a asbhaint – Diúltaíodh a ceart achomhairc – Scaoileadh neamhchothrom – Easpa fógra ruin scaoilte – Moladh go mbeadh cead ag an nGearánach athliostáil agus a céim a choinneáil.

Cuireadh in iúl don ghearánach, a bhí ina ball de na hÓglaigh Chúltaca, i scríbhinn gur cuireadh ar an liosta ‘neamhéifeachtach’ í toisc gur theip uirthi freastal ar an líon

riachtanach paráidí traenála sa bhliain féilire roimhe sin. Ar fháil na litreach seo, chuir sí iarratas isteach i scríbhinn ar a bheith aischurtha ar an gclár éifeachtach, ach d’éiligh a hOifigeach i gCeannas imréiteach slándála a dhéanamh uirthi ar dtús agus mhair cur i gcrích an phróisis seo breis agus cúig mhí. Níor tugadh cead don Ghearánach freastal ar pharáidí traenála le linn na tréimhse seo agus, tar éis di filleadh, d’áitigh sí nach raibh go leor paráidí fágtha chun ligean di riachtanas bliantúil 48 uair traenála a chomhlíonadh. Ar a bharr seo, d’fhulaing an Gearánach gortú ar obair tamall ina dhiaidh sin agus ní raibh sí ábalta freastal ar thraenáil ar feadh tréimhse dhá mhí. Chuir sí nóta óna dochtúir isteach ina leith seo.

I dtús na bliana ina dhiaidh sin, cuireadh in iúl don Ghearánach gur cuireadh ar an liosta ‘neamhéifeachtach’ í an athuair toisc gur theip uirthi na huaireanta traenála riachtanacha sa bhliain roimhe sin a chur i gcrích. D’áitigh an Gearánach go ndearna an tOifigeach i gCeannas neamhiontas den fhíríc nár cuireadh ar ais ar an gclár arís í ach i mí na Bealtaine den bhliain roimhe sin agus gur chaith sí dhá mhí bhreise ar “saoire bhreitheachta”. Chuir sí a toilteanas le bheith aischurtha ar an gclár éifeachtach in iúl dá hOifigeach i gCeannas, ach dhiúltaigh a hOifigeach i gCeannas géilleadh don iarratas seo. D’iarr an Gearánach ar a hOifigeach i gCeannas deis a thabhairt di an cinneadh a achomharc ach diúltaíodh é seo freisin. Dhá mhí ina dhiaidh sin, scaoileadh an Gearánach as na hÓglaigh Chúltaca gan fógra.

Tharchuir an Gearánach gearán romham go díreach de bhun alt 6(2) den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004. Chuaigh sí chun argóinte faoin bhfíríc nár baineadh as an liosta ‘neamhéifeachtach’ í agus d’áitigh sí gur scaoileadh go neamhchothrom í. Trí bhíthin sásaimh, d’iarr sí athliostáil.

I litir ón gCeann Foirne tar éis mo Thuarascála ag an gcéim réamh-imscrúdaithe sa tsaincheist seo, glacadh leis go raibh an tOifigeach i gCeannas mícheart maidir le himréiteach slándála a éileamh sula mbainfí an Gearánach as an liosta ‘neamhéifeachtach’ agus go ligfí ar ais chuig traenáil í. Luaigh an Ceann Foirne freisin, áfach, nach bhfuarthas aon tuairisc liachta i ndáil le gortú an Ghearánaigh. Luaigh sé ina dhiaidh sin go mbeadh tuairisc liachta ar a comhad pearsanta, má cuireadh tuairisc liachta ar fáil, agus go gcuirfí san áireamh í le linn athbhreithniú a dhéanamh ar a huaireanta traenála an bhliain sin, de réir DFR R5, Mír 49(2).

Maidir le scaoileadh an Ghearánaigh, ghlac an Ceann Foirne nár cloíodh leis an nós imeachta ceart, mar atá leagtha amach in R5 Ionstraim Riaracháin, Mír 56 agus Mír 57. Go sonrach, níor cuireadh an Gearánach ar paráid ná níor cuireadh an rún chun í a scaoileadh in iúl di.

Bhí an Ceann Foirne den tuairim nár chuir an Gearánach a toilteanas le bheith aischurtha ar an ‘liosta éifeachtach’ in iúl dá hOifigeach i gCeannas. D’aimsigh mé ar bhonn na faisnéise go raibh an tOifigeach i gCeannas eolach ar mhian an Ghearánaigh a bheith aischurtha ar an ‘liosta éifeachtach’. De bhreis air seo, chuir mé béim ar an

imní a bhí orm maidir leis an bhfíric gur diúltaíodh ceart an Ghearánaigh an cinneadh a achomharc. Bhí sé soiléir go raibh roinnt ócáidí inar fhéad an tOifigeach i gCeannas a rún chun í a scaoileadh agus na cúiseanna ina leith seo a chur in iúl di agus comhairle a chur ar fáil di maidir lena roghanna. Rinne sé faillí, áfach, é seo a dhéanamh. Thug mé do m'aire go raibh sé soiléir ó dhiúltú an chirt ar phróiseas achomhairc atá ag an nGearánach go raibh an tOifigeach i gCeannas eolach ar a mian leanúint ar aghaidh ar seirbhís. D'aimsigh mé gur thacaigh an loiceadh seo, maille leis an loiceadh cloí leis an nós imeachta scaoilte ceart agus maille leis an loiceadh comhairle a chur ar fáil di maidir lena roghanna go léir nuair a gortaíodh ar obair í, le háitiú an Ghearánaigh go ndearnadh éagóir di ar theastaigh sásamh uaithe.

Mhol mé gur cheart an deis a thabhairt don Ghearánach iarratas a chur isteach ar athliostáil sna hÓglaigh Chúltaca agus nár cheart di a céim a chailleadh idir an dá linn.

Ghlac an tAire le mo mholadh agus dhearbhaigh sé gur iarr sé ar an gCeann Foirne na riachtanais agus na socrúcháin a bheadh le leanúint i gcás inar cuireadh ball ar an liosta ‘neamhéifeachtach’ agus inar chuir sé/sí isteach ar athchomhrac ina dhiaidh sin a athbhreithniú agus a shoiléiriú.

Achoimre Cáis 9: Seasadh leis an nGearán

Cúrsa Gairme – Cúrsa Caighdeánach Mhodúl 3 Oifigeach Neamhchoimisiúnaithe – Ionstraim Riaracháin Cuid 10 Caibidil 3 – Cáilíocht Riachtanach – Míriarachán agus Nósanna Imeachta Neamh-Inmhianaithe Riaracháin – Moill ar Fhreagraí ar Shoiléireachtaí a Iarradh – Deimhniú Práinne.

Mar thoradh ar Shásamh Éagóracha roimhe sin, measadh an Gearánach bheith cáilithe le haghaidh ardú céime chuig céim an tsáirsint, suas go mí Eanáir 2008, gan an riachtanas chun Modúl 3 den Chúrsa Caighdeánach Oifigeach Neamhchoimisiúnaithe a chomhlíonadh, nó suas go dtí an uair inar leasaíodh an siollabas i leith an Chúrsa Chaighdeánaigh Oifigeach Neamhchoimisiúnaithe le litir ghlan shoiléir d'fhonn riachtanais Chór na Seirbhíse Cumarsáide agus Faisnéise a léiriú go cruinn. Ba i mí Eanáir 2008 a bhí an comórtas ardú céime as ar tháinig an gearán. Chuaigh tarscaoileadh an Ghearánaigh as feidhm faoin am seo, agus cé nach ndearna an tOrdú Comórtha aon tagairt don fhíric gur “cháilíocht riachtanach” é Modúl 3, shonraigh sé nach mór don iarrthóir bheith cáilithe le haghaidh ardú céime chuig céim an tsáirsint i gcomhréir le hIonstraim Riaracháin, Cuid 10, Caibidil 3.

Chuaigh an Gearánach i ngleic le hardú céime ceannaire eile go Cléireach Sáirsint Oibríochtaí Cumarsáide (Grúpa 2), Scuadrán Cumarsáide agus Faisnéise, in imthosca

nár chuir an ball sin Modúl 3 i gcrích. Staon an Gearánach ó iomaíocht a dhéanamh toisc gur thuig sí go raibh Modúl 3 ag teastáil agus go raibh a tarscaoileadh tar éis dul as feidhm. Thug mé do m'aire gur dhiúltaigh Oifigeach i gCeannas an Ghearánaigh iarratas an Ghearánaigh ar Dheimhniú Práinne agus d'aimsigh mé nach raibh aon fhorais ag an Oifigeach i gCeannas Deimhniú Práinne a dhiúltú don Ghearánach, go háirithe mar gheall ar an bhfíric nár eisíodh Rialú Breithnithe an Oifighigh i gCeannas ar feadh tréimhse seacht mí. Níor mhór dom trácht a dhéanamh ar loiceadh Óglaigh na hÉireann freagraí a sholáthar ar m'iarratais le haghaidh tuilleadh faisnéise agus soiléireachta ar mhodh tráthúil. Sáraíodh go mór na treoirlinnte agus na hamscálaí réasúnta arna leagadh amach, gan iarratas le haghaidh síneadh ama agus níor tugadh aon chúis leis an bhfad ama do dhul chun cinn an cháis tríd an bpróiseas um Shásamh Éagóracha. D'aimsigh mé gur imir an mhoill neamhréasúnta ar riarachán an tSásaimh Éagóracha de chuid an Ghearánaigh drochthionchar ar an nGearánach.

Thug mé do m'aire gur cuireadh athbhreithniú ar an siollabas i leith an Chúrsa Chaighdeánaigh Oifigeach Neamhchoimisiúnaithe i gcrích agus gur eisíodh é ar an 18 Aibreán 2007, rud a choinnigh na critéir trí mhodúl. Níor cuireadh aon chúiseanna ar fáil dom maidir leis an bhfáth nárbh eol don Oifigeach Fiosraithe Míleata agus don Bhord Agallaimh go raibh an tIarrthóir rathúil neamh-incháilithe. Bhí mé imníoch go pointe áirithe faoin bhfíric go ndeachaigh tarscaoileadh an Ghearánaigh as feidhm tamall gairid sular fógraíodh an comórtas ardú céime seo. Mhol mé gur cheart an deis a thabhairt don Ghearánach dul ar lorg ardú céime a diúltaíodh di go mícheart mar gheall ar an míriarachán agus na cleachtais neamh-inmhianaithe riaracháin a cuireadh i bhfeidhm sa Chomórtas as ar tháinig an Sásamh Éagóracha seo.

Mhaígh an tAire ina fhreagra ar mo Thuarascáil Deiridh go dtabharfaí an deis don Ghearánach a cuid traenála a chur i gcrích ar an gcéad Chúrsa Caighdeánach Oifigeach Neamhchoimisiúnaithe eile atá dlite le bheith a réachtáil in Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann ar an 3 Deireadh Fómhair 2011, ionas go mbeadh sí in ann dul ar aghaidh le haghaidh breithnithe don chéad fholúntas eile a bheidh ar fáil. D'ordaigh an tAire don Cheann Foirne an socrúchán is gá a dhéanamh d'fhonn cead a thabhairt don Ghearánach páirt a ghlacadh sa chúrsa seo. Chuir mé in iúl an díomá a bhí orm leis an socrú a moladh maidir leis an deis a thairiscint don Ghearánach ‘Modúl 3’ a chur i gcrích, a bhí le tosú ar an 3 Deireadh Fómhair 2001, i gcásanna ina raibh an Gearánach réidh le himeacht as Óglaigh na hÉireann ar an 29 Deireadh Fómhair agus ina raibh sí ar a Saoire Réamh-Scaoilte. Ina theannta sin, sholáthair an togra sin ullmhúchán seachtaine don Ghearánach i ndáil le Cúrsa a d'éileodh ullmhúchán roinnt míonna de ghnáth. Mar réiteach le Sásamh Éagóracha roimhe seo, measadh go raibh an Gearánach incháilithe le haghaidh ardú céime chuig céim an tSáirsint suas go mí Eanáir 2008, gan aon ghá le Modúl 3 a chur i gcrích. Ní raibh aon deis ag an nGearánach leas a bhaint

as an tarscaoileadh seo, áfach, mar gur reáchtáladh an chéad chomórtas ardú céime ábhartha eile beagnach lom láithreach tar éis dul as feidhm a tarscaoilte. Sna himthosca sin, ba chosúil gur sáraíodh deis an Ghearánaigh le haghaidh sásaimh an athuair.

Achoimre Cáis 10: Réitíodh an tsaincheist go Díreach Tríd an Aire

Printíseacht – Traenáil – Moill ar cháiliú – Ionchas dlisteanach – níor cloíodh le comhaontú Íocaíochta – Ní raibh aon Sásamh Éagóracha ann – Tharraing OÓÉ aird an Aire ar an tsaincheist – Réitíodh an tsaincheist trí idirghabháil OÓÉ agus teorannú damáiste.

Rinne ball den rang printíseachta teagmháil le m'Oifig. Mhaígh sé gur caitheadh lena rang, an chéad rang a chuaigh tríd ó dhúnadh Scoil Phrintíseachta an Náis, ar bhealach difriúil i gcomparáid le ranganna roimhe sin maidir le híocaíocht a dtuarastail chuí. Ní dhearnadh tuarastal na mball den rang a uasghrádú go leibhéal an tSaighdiúra Shingil 3 Réalta, Liúntas Seirbhíse Míleata san áireamh, tar éis dóibh traenáil cheithre bliana a chur i gcrích, faoi mar a leagadh amach sa chomhaontú tuarastail a fuair siad roimh liostáil. Ar a bharr seo, éilíodh orthu suim sheachtainiúil a íoc as ciondálacha agus cóiríocht, rudaí nach raibh ar ranganna eile íoc astu tar éis dóibh traenáil cheithre bliana a chur i gcrích.

Chomhairligh mé an Gearánach nach mbeinn ábalta déileáil go foirmiúil leis an tsaincheist ach i gcás inar thionscain sé iarratas ar Shásamh Éagóracha agus ina ndearna sé é a phróiseáil trí na céimeanna inmheánacha éagsúla. Le díograis chuspóir bunúsach m'Oifige gearáin fhada a sheachaint, áfach, agus tar éis dom roinnt fiosrúchán breise a dhéanamh, scríobh mé chuig an Aire gur tharraing mé a aird ar an tsaincheist, agus dóchas orm go bhféadfadh idirghabháil thráthuil an cúinse a rialú agus caillteanais a laghdú.

D'iarr an tAire ar an gCeann Foirne fiosrúchán a dhéanamh faoi na saincheisteanna a d'ardaigh mé. Chuir an tAire in iúl dom ina dhiaidh sin gur chomhairligh an Ceann Foirne gur seachfhóinsíodh céimeanna de thraenáil theicniúil phrintíseachta chuig FÁS tar éis dhúnadh Dhún Uí Dhubhaí. Ní raibh FÁS ábalta an traenáil theicniúil a sheachadadh laistigh den ghnáth-amscála ceithre bliana agus bhí moill ocht mí, a bheag nó a mhór, ar cháiliú agus ar ghrád tuarastail iarmhartach na bprintíseach sa rang seo mar thoradh air seo.

Chomhairligh an Ceann Foirne, áfach, gur chuir na printísigh a gcuid traenála i gcrích ó rinne mé m'idirghabháil, agus go n-uasghrádófaí a leibhéal tuarastail agus go siardhátófaí é go dáta an cháilithe. Bhí an Gearánach an-áthasach leis an toradh seo agus chuir sé in iúl dom gur spreag m'idirghabháil Cumann Ionadaíochta Chéimnigh eile na mBuan-Óglach dul i mbun gnímh d'fhonn siardháthú breise tuarastail a bhaint amach, ar aon dul le hionchais dhlisteanacha na bprintíseach.

Achoimre Cáis 11: Bhí an Gearán Lasmuigh de Dhlínse OÓÉ (Lasmuigh de Théarmaí Tagartha)

Gearán a bhain le saincheist arbh ionann í agus ábhar Binse Seirbhíse – Lasmuigh de dhlínse OÓÉ.

Bhain gearán an Ghearánaigh le saincheist arbh ionann í cheana féin agus ábhar Binse Seirbhíse. Ós rud é go gcuireann alt 5(1)(b) den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 cosc orm go sonrach saincheisteanna a measadh trí phróiseas Araíonachta Míleata a imscrúdú, bhí mé neamhábalta an chasaid seo a imscrúdú. Fuair mé admháil ó Óglaigh na hÉireann, áfach, go ndeachaigh 10 mí thart sular chuir siad an Sásamh Éagóracha de chuid an Ghearánaigh ar aghaidh chugam. Loiceadh suntasach riaracháin a bhí anseo. Mar thoradh air seo, cuireadh in iúl dom go ndearna an Cheanncheathrú Aonaid lena mbaineann a chórais maidir le bainistiú agus faireachán comhad um Shásamh Éagóracha a athbhreithniú agus a athmheas.

“... Mar fhocal scoir, a Dhaoine Uaisle, an féidir liom a rá, nuair a bhí mé ag léamh faoin mórán gnéithe d'obair Ombudsman Mhíleata a fheidhmíonn maoirseacht shibhialtach ar chúrsaí riaracháin de chuid an Airm, d'aontaigh go leor tráchtairí go raibh Ombudsman Míleata ina leigheas daonlathach. Molaim go measúil go mbreithneoidh sibh bailíocht agus luach na haighneachta seo.”

Sliocht as cur i láthair *The Role of The Police and the Military in the transition to Democracy* ag an Ombudsman os comhair Chomhdháil Comhpháirtithe Meánmhara Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip – Budva Deireadh Fómhair 2011

VII

Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta agus Intíre le Páirtithe Leasmhara

Tá OÓÉ tiomanta do dhea-chaidrimh le raon páirtithe leasmhara sa tír seo agus thar lear a chothabháil agus a fheabhsú.

Le linn 2011, bhí mé rannpháirteach i bplé agus i gcomhairliúcháin i raon leathan fóram, go háirithe maidir leis na tairbhí a bhaineann le maoirseacht shibhialta ar riarachán míleata agus le bunú oifig Ombudsman míleata.

Feabhra 2011 – ‘Comhrá Saineolaithe’ Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shlándaíl agus Chomhoibriú san Eoraip (ENASCE), Eireaván, Poblacht na hAirméine

Thug Oifig ENASCE um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ENASCE/OIDCD) cuireadh dom bheith rannpháirteach in ócáid ‘Comhrá Saineolaithe’ maidir le cearta an duine agus le saoirsí bunúsacha i leith pearsanra fórsaí armtha in Eireaván, Poblacht na hAirméine. Mar a luadh i dTuarascálacha Bliantúla roimhe sin, chuir mé le foilsiú fhoilseachán ENASCE/OIDCD agus Rialú Daonlathach Fórsaí Armtha ‘The Handbook on Human Rights and Fundamental Freedoms of Armed Forces Personnel’ (‘An Lámhleabhar um Chearta an Duine agus um Shaoirsí Bunúsacha Pearsanra ar Fhórsaí Armtha’) a sheol ENASCE i Vín i mí na Bealtaine agus a aistríodh go teangacha éagsúla, lena n-áirítear Rúisis, Seirbhis, Seoirsis agus Asairis.

Ós rud é go raibh baint agam cheana féin leis an nGrúpa Oibre le linn ullmhúcháin don 3ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Institiúidí Ombudsman d’Fhórsaí Armtha, bhí orm diúltú freastal uirthi, ar an drochuair. Is go cineálta a sheachaid an Consal Oinigh Éireannach do Phoblacht na hAirméine, an tUas. Jonathan Stark, m’aitheasc don ócáid thar mo cheann.

Aibreán 2011 – an 3ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Institiúidí Ombudsman d’Fhórsaí Armtha, Béalgrád, Poblacht na Seirbia

Bhí mé páirteach sa Ghrúpa Oibre, arna thionól ag an Uas. Saša Janković, Cosantóir Shaoránach Phoblacht na Seirbia, chun ullmhú don 3ú comhdháil de chuid na Comhdhála idirnáisiúnta um Institiúidí Ombudsman d’Fhórsaí Armtha. Bhí baint leis an nGrúpa Oibre ag an Dochtúir Anton Gaál, Cathaoirleach Choimisiún Parlaiminteach na hOstaire do na Fórsaí Armtha Feidearálacha, ag an Uas. Kjell Arne Bratli, Coimisinéir Parlaiminteach Fórsaí Armtha Ríoga na hIorua agus ag Hans Born, Ánra Taighde Sinsearach, Rialú Daonlathach Fórsaí Armtha.

Bhí an chomhdháil de chuid na Comhdhála Idirnáisiúnta um Institiúidí Ombudsman d’Fhórsaí Armtha, dar teideal Protecting the Human Rights of Armed Forces Personnel (Cearta an Duine de chuid Pearsanra Fórsaí Armtha a Chosaint) ar siúl ar an 13-

15 Aibreán i mBéalgrád agus tugadh faoi trí phríomhthéama – a) cearta an duine de chuid pearsanra i misin ilnáisiúnta, b) an caidreamh idir maoirseacht sheachtrach agus meicníochtaí láimhseála gearáin inmheánacha, agus c) ionadaíocht pearsanra míleata trí aontais agus trí chumainn. Sholáthair mé páipéar ar an gcéad dá théama agus bhí mé i mo chathaoirleach don tríú téama.

Le linn dom freastal ar chruinnithe an Ghrúpa Oibre i mBéalgrád agus ar an gcomhdháil, bhain mé leas as tacaíocht agus cúnamh Leifteanantchoirnéal Michael McCarthy, ionadaí na hÉireann ag Oifig ENASCE i mBéalgrád, rud ba mhór agam. D’fhreastail a Oirirceas, Charles Sheehan, Ambasadóir na hÉireann ar an Aithin a gclúdaíonn a shainchúram Poblacht na Seirbia, rud a chuir le suntas na comhdhála tábhachtaí ar fhreastail raon leathan taidhleoirí agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha uirthi.

Tá tuairisc ar an gcomhdháil ar fáil ar www.odf.ie agus tá an clár oibre, na páipéir agus an meabhrán comhaontaithe ón gcomhdháil, Meabhrán Bhéalgrád, ar fáil ó www.icoaf.org. Bhí an sásamh agam cathaoirleacht a dhéanamh ar imeachtaí choiste dréachtaithe Mheabhrán Bhéalgrád ag céim an Ghrúpa Oibre agus ag an gcomhdháil araon.

Is é atá i www.icoaf.org tuairiscí mionsonracha ar an dá chomhdháil roimhe sin de chuid na Comhdhála Idirnáisiúnta um Institiúidí Ombudsman d’Fhórsaí Armtha a cuireadh ar siúl i mBeirlín i 2009 agus i Vín i 2010.

Bealtaine 2011 – Oscailt Ionad Cuairteoirí Dhún Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath

Bhí an sásamh agam freastal ar oscailt an Ionaid Chuairteoirí nua arna déanamh ag an Aire Shatter ag Dún Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath.

Bealtaine 2011 – Comhdháil Dhébhlíantúil Chumann Ombudsman na Breataine – na hÉireann, Leicestershire, an Ríocht Aontaithe

Bhí Comhdháil Dhébhlíantúil Chumann Ombudsman na Breataine – na hÉireann ar siúl ar Ollscoil Loughborough in Leicestershire. Sholáthair mé páipéar le linn an tseisiúin ‘Ionchais Ghearánaigh a Bhainistiú’ sa chomhdháil oibre dhá lae. Bhí mé i mo bhall bunaitheach de Chumann Ombudsman na Breataine – na hÉireann sa bhliain 1994, le linn dom fónamh mar Ombudsman Árachais Bunaitheach na hÉireann.

Meitheamh 2011 – Faisnéisiú le haitaisé cosanta na hEilvéise, Baile Átha Cliath

Thug mé faisnéisiú don Choirnéal Daniel Bader, ataisé cosanta na hEilvéise don Bhreatain Mhór, d’Éirinn agus don Ísiltír, i ndáil leis na struchtúir agus le hoibríocht

m’Oifige agus leag mé amach a forbairt agus a heispéiris go dtí seo. Tar éis an chruinnithe, ba shásamh mór dom nuair a cuireadh comharba Choirnéal Bader, an Coirnéal GS Hans Eberhart, PhD, in aithne dom, duine a d’fhreastail ar ENASCE ar feadh tamall suntasach.

Meán Fómhair 2011 – Faisnéisíonn an tOmbudsman toscaireacht na hAfraice Theas

D’fháiltigh mé roimh thoscaireacht ón Afraic Theas ar an 1 Meán Fómhair. Bhuaill an toscaireacht, arna treorú ag an Leifteanant-Ghinearál Themba Matanzima, Ceann Comh-Oibríochtaí, Fórsaí Cosanta Náisiúnta na hAfraice Theas agus an Dochtúir Clarence Tshitereke, Príomh-Stiúrthóir Taighde na hAireachta Cosanta liom chun plé a dhéanamh ar struchtúr agus ar oibriú OÓE.

Bhí suim ag an Leifteanant-Ghinearál Matanzima sa dóigh ar oibrigh m’Oifig agus ar fhreastail sí do leas Óglaigh na hÉireann a thagarmharcáil agus a athbhreithniú. Ar m’iarratas, chuir an Dochtúir Tshitereke faoi mo bhráid dréacht-reachtaíocht lena ndéantar foráil do bhunú Oifige um Ombudsman Míleata san Afraic Theas roimh an gcruinniú, rud a ndearna mé athbhreithniú air le haghaidh plé agus tráchttaireachta.

Meán Fómhair 2011 – Faisnéisiú le Stiúrthóir an Ionaid um Staidéar Eorpach Atlantach, Baile Átha Cliath

I mí Mheán an Fhómhair, sholáthair mé faisnéisiú ar chuspóirí bunaidh m’Oifige agus ar a hoibriúchán go dtí seo don Iníon Jelena Milic, Stiúrthóir an Ionaid um Staidéar Eorpach Atlantach. Meitheal smaointe Bhéalgrád-bhunaithe atá san Ionad um Staidéar Eorpach Atlantach a bhfuil cúram curtha air tuiscint ar chuspóirí luachanna daonlathacha Eorpacha agus Meiriceánacha laistigh de Phoblacht na Seirbia a chur chun cinn. Sholáthair an faisnéisiú an deis le haghaidh malartú faisnéise comhthairbheach. Thug an Iníon Milic aitheasc do Choiste an Oireachtais um Ghnóthaí Eachtracha agus don Fhoras um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha ina dhiaidh sin.

Deireadh Fómhair 2011 – Comhdháil Pháirtithe Mheánmhara ENASCE, Budva, Montainéagró

Rinne Éire cathaoirleacht ar Chomhdháil Pháirtithe Mheánmhara sular ghlac Éire cathaoirleacht ar ENASCE i 2012 agus rinne Ambasadóir na hÉireann d’EANASCE, a Oirceas Eoin O’Leary, cathaoirleacht ar an gcomhdháil in Budva, Montainéagró.

Chomhchruinnigh an cruinniú seo ionadaithe ó stáit a bhí rannpháirteach in EANASCE maille le hionadaithe ón Ailgéir, ón Éigip, ó Iosrael, ón Iordáin, ó Mharacó agus ón

Túinéis. Ar chuireadh na tíre aíochta, ghlac an tÚdarás Náisiúnta Palaistíneach páirt sa chomhdháil freisin.

B’ionann téama chomhdháil na bliana seo agus *Athrú Daonlathach: Dúshláin agus Deiseanna i Réigiún na Meánmhara*. Ar mholadh an Ambasadóira O’Leary, thug an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála cuireadh dom aitheasc a thabhairt don chéad seisiún sa chomhdháil ar an téama seo a leanas, *Ról na bpóilíní agus na bhfórsaí armtha i sochaithe daonlathacha*.

Tá Tuarascáil Chomhdhlúite Achoimre na Comhdhála, maille le mo rannchuidiú ar fáil ar www.odf.ie agus tá tuilleadh faisnéise ar Pháirtithe Mheánmhara EANASCE le haghaidh Comhair ar fáil ó www.osce.org.

Deireadh Fómhair 2011 – Cruinniú le baill d’Fheidhmeannas Chumann Ionadaíochta Chéimnigh eile na mBuan-Óglach, Baile Átha Cliath

Lean mé orm forbairt a dhéanamh ar an dea-chaidreamh a bhunaigh mé le heagraíochtaí ionadaíochta Óglaigh na hÉireann agus d’fhreastail mé ar chruinniú le baill d’Fheidhmeannas Chumann Ionadaíochta Chéimnigh eile na mBuan-Óglach chun plé a dhéanamh maidir leis an gcumas le haghaidh idirghabhála i réiteach na n-agóidí idirphearsanta ionad oibre.

Samhain 2011 – Plé le Coimisiún Parlaiminteach na hOstaire do na Fórsaí Armtha Feidearálacha, Vín

Thug an Dochtúir Anton Gaál, Cathaoirleach Choimisiún Parlaiminteach na hOstaire do na Fórsaí Armtha Feidearálacha, cuireadh dom páirt a ghlacadh i bplé, ar thug an tUas. Paul Kiss, Cathaoirleach Feidhmeach na hEagraíochta, Comhráite Vín air, d’fhonn plé a dhéanamh ar na deiseanna le haghaidh comhair níos fearr i measc foras ombudsman míleata i gcás ina bhfuil baill d’fhórsaí armtha ar fiannas misean síochánaíochta ilnáisiúnta.

An lá dar gcionn, bhí mé ar dhuine de na haíonna oinigh ag fáiltiú bliantúil Choimisiún Parlaiminteach na hOstaire do na Fórsaí Armtha Feidearálacha a óstáladh i dTeach na Parlaiminte, Vín ar an 22 Samhain 2011.

Samhain 2011 – comhdháil dhébhlíantúil Chumann Ionadaíochta na nOifigeach Coimisiúnta, Corcaigh

I mí na Samhna, d’fhreastail mé ar chomhdháil dhébhlíantúil Chumann Ionadaíochta na nOifigeach Coimisiúnta ar Oileán Fhóta, Corcaigh.

Tar éis dom faisnéis bhreise, soiléirithe breise agus aon aighneachtaí breise a d’eascair ó fhreagraí ar mo réamhthuarascáil a bhreithniú, eisím Tuarascáil Deiridh a chuirtear ar aghaidh chuig an Aire Cosanta, chuig an gCeann Foirne agus chuig an nGearánach.

VIII Aguisín

Leanann an tAguisín seo ar fhaisnéis bhreise a d’fhéadfadh bheith luachmhar le linn measúnú a dhéanamh ar na treochtaí i gcásanna a tarchuireadh chuig m’Oifig i 2011 agus ar na cúiseanna le tarchur cáis ó bunaíodh OÓÉ ar an 1 Nollaig 2005.

Tá faisnéis a bhí i rannán ‘Gnóthaí Corparáideacha’ Thuarascálacha Bliantúla OÓÉ roimhe seo ar fáil ar www.odf.ie

a) Cúiseanna le cásanna a tarchuireadh chuig OÓÉ 2006–2011

	2006	2007	2008	2009	2010	2011	Total	%
Iompar Mí-Oiriúnach/Bulaíocht Líomhnaithe	0	4	29	0	1	3	37	15.29%
Míriarachán Nósanna Imeachta a Bhaineann le Gairm	5	17	16	4	11	9	62	25.62%
Riarachán agus Bainistíocht Nósanna Imeachta Roghnúcháin maidir le hArdú Céime	4	1	1	1	4	2	13	5.37%
Riarachán agus Bainistíocht Nósanna Imeachta Roghnúcháin maidir le Cúrsaí Gairme	8	8	9	5	6	6	42	17.36%
Riarachán agus Bainistíocht Nósanna Imeachta Roghnúcháin maidir le Seirbhís Thar Lear	9	25	13	22	11	8	88	36.36%
IOMLÁN	26	55	68	32	33	28	242	

b) Cásanna a tharchuir baill Bhuana, baill Chúltaca agus iarbhaill d’Óglaigh na hÉireann

De na 83 cás a tarchuireadh agus a glacadh le haghaidh breithnithe sa bhliain 2011:

- Bhí 73 ceann (88%) díobh ó bhaill reatha d’Óglaigh na hÉireann Bhuana
- Bhí 4 cinn (5%) díobh ó bhaill reatha de na hÓglaigh Chúltaca
- Bhí 5 cinn (6%) díobh ó iarbhaill d’Óglaigh na hÉireann
- Bhí ceann amháin (1%) díobh ó iarbhall d’Óglaigh na hÉireann

c) Inscne na nGearánach

De na 83 cás a tarchuireadh agus a glacadh le haghaidh breithnithe sa bhliain 2011:

- Tharchuir baill fhireanna agus iarbhaill fhireanna d’Óglaigh na hÉireann 79 ceann (95%) díobh
- Tharchuir baill bhaineanna nó iarbhaill bhaineanna d’Óglaigh na hÉireann 4 (5%) cinn díobh

d) Briseadh síos ar na cásanna a tarchuireadh de réir limistéar seirbhíse

- Bhí 63 ceann(76%) díobh ó bhaill nó ó iarbhaill den Arm
- Bhí 10 gcinn (12%) díobh ó bhaill nó ó iarbhaill den Aerchór
- Bhí 10 gcinn (12%) díobh ó bhaill nó ó iarbhaill den tSeirbhís Chabhlaigh

e) Fógraí Gearáin i 2011

GNÍOMHACH 2010	A FUARTHAS	A DRUIDEADH	GNÍOMHACH 2011
26	80	73	33

f) Anailís ar láimhseáil cáis OÓÉ 2011

GNÍOMHACH 2010	Achomhaire agus Atarchur	Achomhaire um Shásamh Éagóracha	Atreorú Díreach	Lasmuigh de Théarmaí Tagartha	a Aistarraingtíodh	RTanna a eistíodh	Tuarascáil Deiridh	GNÍOMHACH 2011
1	Iompar Mí-Oiriúnach/ Bulaíocht Líomhnaithe	2	3	1	1	4	1	3
15	Míriarachán Níosanna Imeachta a Bhaineann le Gairm	6	5	2	1	5	7	16
29	Riarachán agus Bainistíocht Níosanna Imeachta Roghnúcháin maidir le hArdú Céime	8	0	0	0	15	19	18
7	Riarachán agus Bainistíocht Níosanna Imeachta Roghnúcháin maidir le Cúrsaí Gairme	6	0	0	0	6	2	11
5	Riarachán agus Bainistíocht Níosanna Imeachta Roghnúcháin maidir le Seirbhís Thar Lear	2	0	0	1	2	0	6
57	IOMLÁN	24	8	3	3	32	29	54

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ombudsman Óglaigh na hÉireann

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Ombudsman Óglaigh na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 faoin Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 1998.

Cuimsítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi réir na bpolasaithe cuntasáíochta atá leagtha amach iontu, na Polasaithe Cuntasáíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Tá an creat tuairiscithe Airgeadais atá curtha i bhfeidhm ina n-ullmhúchán de réir an dlí infheidhme agus an Chleachtais Cuntasáíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cothrom iontu ar staid ghnóthaí Ombudsman Óglaigh na hÉireann agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a thabhairt orthu de réir an dlí infheidhme.

Tá m’iniúchadh déanta trí thagairt do na breithnithe speisialta atá ceangailte ar chomhlachtaí stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tá m’iniúchadh déanta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chaighdeáin Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta d’Iniúcháirí.

Raon Feidhme an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoin nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Áirítear leis seo measúnú ar na nithe seo a leanas:

- Cibé acu an bhfuil na polasaithe cuntasáíochta oiriúnach do chúinsí Ombudsman Óglaigh na hÉireann nó nach bhfuil, cibé ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad nó nár cuireadh, agus ar nochtadh go himleor iad nó nár nochtadh
- réasúntacht na meastachán cuntasáíochta suntasach a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú

- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgáim fianaise le linn an iniúchta chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Lena chois sin, léigh mé an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile sa Tuarascáil Bhliantúil d’fhonn neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint. Má fhaighim míráiteas nó neamhréireacht ábhartha follasach ar bith breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairimse, léirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go cuí de réir an Chleachtais Cuntasáíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí Ombudsman Óglaigh na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2010 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain sin dar chríoch.

I mo thuairimse, choinnigh Ombudsman Óglaigh na hÉireann leabhair chuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais de réir na leabhar cuntais.

Cúrsaí a dtuairiscím orthu trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht

- Nuair nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim do m’iniúchadh, nó
- Nuair a tugadh faoi deara le linn m’iniúchta cás ábhartha ar bith nuair nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críche dá raibh sé beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás lena rialaítear iad, nó
- Nach bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil Bhliantúil Ombudsman Óglaigh na hÉireann don bhliain dá bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- Nach léiríonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gur chomhlíon Ombudsman Óglaigh na hÉireann an Cód Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit, nó
- Má fhaighim cúrsaí ábhartha ar bith eile a bhaineann leis an dóigh ar chuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a ndéantar tuairisciú orthu trí eisceacht.

Andrew Harkness

Le haghaidh agus thar ceann
an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
1 Aibreán 2012

Ombudsman for the Defence Forces

15 Lower Hatch Street

Dublin 2

+ 353 1 663 3222

+ 353 1 663 3223

www.odf.ie

admin@odf.ie